Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0264

Ceanglais áirithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach

Leasuithe [1] a ghlac Parlaimint na hEorpa an 13 Samhain 2025 ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2006/43/CE, 2013/34/AE, (AE) 2022/2464 agus (AE) 2024/1760 a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach (COM(2025)0081 – C10-0037/2025 – 2025/0045(COD))[1]

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

[1] Na tagairtí do ‘cp’ i gceanntedil na leasuithe arna nglacadh, is mar thagairtí don chuid chomhfhreagrach de na leasuithe sin a thuigfear iad.

[1] Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 60(4), an ceathrú fomhír (A10-0197/2025).

Leasú 1

Togra le haghaidh Treorach Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Le hAirteagal 26a(1) de Threoir 2006/43/CE ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh iniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta an tuairisciú inbhuanaitheachta a dhearbhú i gcomhréir leis na caighdeáin maidir le dearbhú teoranta atá le glacadh ag an gCoimisiún. Le hAirteagal 26a(3) den Treoir sin ceanglaítear ar an gCoimisiún na caighdeáin sin a ghlacadh faoin 1 Deireadh Fómhair 2026. Is ábhar imní do ghnóthais é an obair a dhéanann na soláthraithe dearbhaithe, agus maíonn siad go bhfuil gá le solúbthacht chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sonracha agus na saincheisteanna criticiúla atá sainaitheanta i réimsí an dearbhaithe inbhuanaitheachta. ***Chun cur ar a chumas*** don Choimisiún ***na hábhair imní sin a chur san áireamh, ba cheart tuilleadh solúbthachta a thabhairt dó agus na caighdeáin sin á nglacadh aige. In aon chás, eiseoidh an Coimisiún treoirlínte spriocdhírithe maidir le dearbhú faoi 2026 lena soiléireofar na nósanna imeachta is gá do sholáthraithe dearbhaithe a chur i bhfeidhm mar chuid dá ngníomhaíochtaí dearbhaithe theoranta sula nglacfaidh sé na caighdeáin le gníomh tarmligthe.***	(3) Le hAirteagal 26a(1) de Threoir 2006/43/CE ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh iniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta an tuairisciú inbhuanaitheachta a dhearbhú i gcomhréir leis na caighdeáin maidir le dearbhú teoranta atá le glacadh ag an gCoimisiún. Le hAirteagal 26a(3) den Treoir sin ceanglaítear ar an gCoimisiún na caighdeáin sin a ghlacadh faoin 1 Deireadh Fómhair 2026. Is ábhar imní do ghnóthais é an obair a dhéanann na soláthraithe dearbhaithe, agus maíonn siad go bhfuil gá le solúbthacht chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sonracha agus na saincheisteanna criticiúla atá sainaitheanta i réimsí an dearbhaithe inbhuanaitheachta. ***Ba cheart don Choimisiún na hábhair imní sin a chur i gcuntas go cuí agus é ag obair ar na caighdeáin dearbhaithe theoranta. Tá an easpa caighdeán dearbhaithe comhchuibhithe ag cur leis na fadhbanna a bhíonn ag gnóthais, agus dá bhrí sin tá sé thar a bheith práinneach don Choimisiún gníomh tarmligthe oiriúnach a ghlacadh mar a bhí beartaithe.***

Leasuithe 221 agus 279

Togra le haghaidh Treorach Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Le hAirteagal 19a(1) de Threoir 2013/34/AE ceanglaítear ar ghnóthais mhóra agus ar ghnóthais bheaga agus mheánmhéide ag a bhfuil urrúis a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte de chuid an Aontais, cé is moite de mhicreaghnóthais, ráiteas inbhuanaitheachta a ullmhú agus a fhoilsiú ar leibhéal an ghnóthais aonair. Chun an t-ualach tuairiscithe ar ghnóthais a laghdú, maidir leis an oibleagáid ráiteas inbhuanaitheachta a ullmhú agus a fhoilsiú ar leibhéal an ghnóthais aonair, ba cheart í a theorannú do ghnóthais ***mhóra*** ag a bhfuil níos mó ná ***1 000*** fostaí ar an meán le linn na bliana airgeadais. ***Ós rud é nach mór do ghnóthas dhá chritéar as na trí chritéar in Airteagal 3(4) de Threoir 2013/34/AE a chomhlíonadh sular féidir a mheas gur gnóthas mór é, ciallaíonn sé sin, chun bheith faoi réir na gceanglas tuairiscithe, nach mór don ghnóthas níos mó ná 1 000 fostaí ar an meán a bheith aige le linn na bliana airgeadais, agus glanláimhdeachas os cionn EUR 50 milliún nó clár comhardaithe os cionn EUR 25 mhilliún.***	(5) Le hAirteagal 19a(1) de Threoir 2013/34/AE ceanglaítear ar ghnóthais mhóra agus ar ghnóthais bheaga agus mheánmhéide ag a bhfuil urrúis a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte de chuid an Aontais, cé is moite de mhicreaghnóthais, ráiteas inbhuanaitheachta a ullmhú agus a fhoilsiú ar leibhéal an ghnóthais aonair. Chun an t-ualach tuairiscithe ar ghnóthais a laghdú, maidir leis an oibleagáid ráiteas inbhuanaitheachta a ullmhú agus a fhoilsiú ar leibhéal an ghnóthais aonair, ba cheart í a theorannú do ghnóthais ag a bhfuil ar an méan níos mó ná ***1 750*** fostaí ***agus glanláimhdeachas os cionn EUR 450 000 000*** le linn na bliana airgeadais. ***Ba cheart é a bheith indéanta máthairghnóthais deiridh ar*** gnóthais ***sealbhaíochta airgeadais iad nach bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí bainistíochta a dhíolmhú ó oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh***.

Leasú 3

Togra le haghaidh Treorach Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Ní mór cothromaíocht a bhaint amach idir cuspóirí na giniúna sonraí agus laghdú an ualaigh riaracháin. Tuairisciú inbhuanaitheachta, lena n-áirítear an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9], arna dhéanamh ag gnóthais mhóra ag a bhfuil níos mó ná 1 000 fostaí ar an meánle linn na blianalinn na bliana airgeadais, is gné fhíor-riachtanach é chun tuiscint a fháil ar an aistriú chuig an aeráidneodracht. I bhfianaise na cothromaíochta atá le baint amach idir cuspóirí na giniúna sonraí agus an laghdaithe ar an ualach riaracháin, ba cheart go mbeadh gnóthais mhóra atá faoin raon feidhme nua maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta, ag a bhfuil glanláimhdeachas nach mó ná EUR 450 000 000 le linn na bliana airgeadais, ba cheart go mbeidís in ann faisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852 a nochtadh ar bhealach níos solúbtha. Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún rialacha a leagan amach lena bhforlíonfar an córas um thuairisciú le haghaidh na ngnóthas sin. Ba cheart a shoiléiriú, go háirithe, go bhfuil sé de chumhacht ag an gCoimisiún an córas um thuairisciú a	***scriosta***

shonrú le haghaidh gníomhaíochtaí a bhfuil ailíniú tacsanomaíochta páirteach i gceist leo.

_____

[9] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj).

Leasuithe 222 agus 280

Togra le haghaidh Treorach Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Le hAirteagal 1(3) de Threoir 2013/34/AE sonraítear, maidir le hinstitiúidí creidmheasa agus gnóthais árachais atá ina ngnóthais mhóra nó ina ngnóthais bheaga nó mheánmhéide – cé is moite de mhicreaghnóthais – ag a bhfuil urrúis a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte de chuid an Aontais, go bhfuil siad faoi réir na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta a leagtar amach sa Treoir sin, gan beann ar a bhfoirm dhlíthiúil. Ós rud é gur cheart raon feidhme an tuairiscithe inbhuanaitheachta ar leith a theorannú do ghnóthais ***mhóra*** ag a bhfuil níos mó ná ***1 000*** fostaí ar an meán le linn na bliana airgeadais, ba cheart an teorannú sin ar raon feidhme a chur i bhfeidhm maidir le	(7) Le hAirteagal 1(3) de Threoir 2013/34/AE sonraítear, maidir le hinstitiúidí creidmheasa agus gnóthais árachais atá ina ngnóthais mhóra nó ina ngnóthais bheaga nó mheánmhéide – cé is moite de mhicreaghnóthais – ag a bhfuil urrúis a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte de chuid an Aontais, go bhfuil siad faoi réir na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta a leagtar amach sa Treoir sin, gan beann ar a bhfoirm dhlíthiúil. Ós rud é gur cheart raon feidhme an tuairiscithe inbhuanaitheachta aonair a theorannú do ghnóthais ag a bhfuil ar an meán níos mó ná ***1 750*** fostaí ***agus glanláimhdeachas os cionn EUR 450 000 000*** le linn na bliana airgeadais, ba cheart an

hinstitiúidí creidmheasa agus gnóthais árachais freisin.

teorannú sin ar raon feidhme a chur i bhfeidhm maidir le hinstitiúidí creidmheasa agus gnóthais árachais freisin.

Leasú 5

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7a) Chun críche comhsheasmhachta leis an Treoir seo, tá sé tábhachtach go leanfaidh reachtaíocht na hearnála airgeadais de bheith comhleanúnach lena forálacha. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a mheas ar cheart ceanglais don earnáil airgeadais a leagan amach ar bhealach nach gcruthaíonn oibleagáid ar ghnóthais airgeadais aon fhaisnéis a fháil ó ghnóthais nach bhfuil oibleagáid orthu faisnéis neamhairgeadais a fhoilsiú de bhun Airteagail 19a nó 29a de Threoir 2013/34/AE. Ba cheart a mheas freisin ar cheart reachtaíocht earnáilsonrach maidir le seirbhísí airgeadais, lena n-áirítear gníomhartha tarmligthe, treoirlínte ó ÚMEnna agus ionchais mhaoirseachta, a oiriúnú chun ábhar na Treorach seo a chur i gcuntas.

Leasuithe 223 agus 281

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Le hAirteagal 19a(3) de Threoir 2013/34/AE ceanglaítear ar ghnóthais faisnéis a thuairisciú faoi oibríochtaí an ghnóthais féin agus faoina shlabhra luacha. Is gá laghdú a dhéanamh ar an ualach tuairiscithe ar ghnóthais sa slabhra luacha nach gceanglaítear orthu tuairisciú ar a n-inbhuanaitheacht. Dá bhrí sin, níor cheart don ghnóthas tuairiscithe, chun faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú ar an leibhéal aonair nó ar an leibhéal comhdhlúite, mar a cheanglaítear le Treoir 2013/34/AE, agus gan dochar do cheanglais an Aontais próiseas díchill chuí a chur i bhfeidhm, níor cheart dó féachaint le haon fhaisnéis a fháil ó ghnóthais ***ina shlabhra luacha atá bunaithe san Aontas nó laistigh de agus ag a bhfuil suas le 1 000 fostaí ar an meán*** le linn na bliana airgeadais, ar faisnéis í atá sa bhreis ar an bhfaisnéis a shonraítear sna caighdeáin lena n-úsáid go deonach ag gnóthais nach gceanglaítear orthu tuairisciú ar a n-inbhuanaitheacht. ***Mar sin féin,*** ba cheart an gnóthas tuairiscithe cead a bheith aige aon fhaisnéis inbhuanaitheachta bhreise a bhailiú ó na gnóthais sin ina shlabhra luacha, ar faisnéis í a roinntear go coitianta idir gnóthais san earnáil lena mbaineann. Gnóthais a thuairiscíonn ar a slabhra luacha i gcomhréir leis na teorainneacha sin, ba cheart a mheas go bhfuil an oibleagáid tuairisciú ar a n-inbhuanaitheacht á comhlíonadh acu. Agus a dtuairim dhearbhaithe á hullmhú ag	(9) Le hAirteagal 19a(3) de Threoir 2013/34/AE ceanglaítear ar ghnóthais faisnéis a thuairisciú faoi oibríochtaí an ghnóthais féin agus faoina shlabhra luacha. Is gá ***soiléireacht a sholáthar agus*** laghdú a dhéanamh ar an ualach tuairiscithe ar ghnóthais sa slabhra luacha nach gceanglaítear orthu tuairisciú ar a n-inbhuanaitheacht. Dá bhrí sin, chun faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú ar an leibhéal aonair nó ar an leibhéal comhdhlúite, mar a cheanglaítear le Treoir 2013/34/AE, agus gan dochar do cheanglais an Aontais próiseas díchill chuí a chur i bhfeidhm, níor cheart don ghnóthas tuairiscithe féachaint le haon fhaisnéis a fháil ó ghnóthais ***ag a bhfuil ar an meán suas le 1 750 fostaí agus glanláimhdeachas os cionn EUR 450 000 000*** le linn na bliana airgeadais, ar faisnéis í atá sa bhreis ar an bhfaisnéis a shonraítear sna caighdeáin lena n-úsáid go deonach ag gnóthais nach gceanglaítear orthu tuairisciú ar a n-inbhuanaitheacht. Ba cheart don ghnóthas tuairiscithe ***cur chuige rioscabhunaithe a ghlacadh, agus tús áite á thabhairt d'iarrachtaí chun faisnéis a bhailiú maidir le tionchair ardriosca agus saincheisteanna inbhuanaitheachta a bhaineann go coitianta lena earnáil agus*** ba cheart cead a bheith aige aon fhaisnéis inbhuanaitheachta bhreise a roinntear go coitianta idir gnóthais san earnáil lena mbaineann a bhailiú ó na

soláthraithe dearbhaithe, ba cheart dóibh urraim a thabhairt don oibleagáid ar ghnóthais gan féachaint le haon fhaisnéis a fháil ó ghnóthais ina slabhra luacha ag a bhfuil suas le ***1 000*** fostaí ar an meán le linn na bliana airgeadais, ar faisnéis í atá sa bhreis ar an bhfaisnéis a shonraítear sna caighdeáin lena n-úsáid go deonach ag gnóthais nach gceanglaítear orthu tuairisciú ar a n-inbhuanaitheacht. Chuige sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh chun foráil a dhéanamh maidir le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta lena n-úsáid go deonach ag gnóthais nach gceanglaítear orthu tuairisciú ar a n-inbhuanaitheacht. Ba cheart na caighdeáin sin a bheith i gcomhréir le hacmhainneachtaí agus saintréithe na ngnóthas sin, agus ábhartha maidir leo, agus ba cheart iad a bheith i gcomhréir le scála agus castacht a ngníomhaíochtaí. Ba cheart a shonrú leis na caighdeáin freisin, i gcás inar féidir, an struchtúr atá le húsáid chun an fhaisnéis sin a chur i láthair.

gnóthais sin ina shlabhra luacha. ***I gcás nach bhfuil an fhaisnéis uile is gá maidir lena slabhra luacha ar fáil, nó i gcás ina bhfuil an fhaisnéis sin neamhiomlán nó faoi réir teorainneacha dlíthiúla, ba cheart cead a bheith ag na gnóthais míniú a thabhairt ar na hiarrachtaí a rinneadh chun an fhaisnéis is gá a fháil faoina slabhra luacha, ar na cúiseanna nárbh fhéidir an fhaisnéis sin a fháil, agus ar a bpleananna an fhaisnéis sin a fháil sa todhchaí***. Gnóthais a thuairiscíonn ar a slabhra luacha i gcomhréir leis na teorainneacha sin, ba cheart a mheas go bhfuil an oibleagáid tuairisciú ar a n-inbhuanaitheacht á comhlíonadh acu. Ba cheart do sholáthraithe dearbhaithe a dtuairim dearbhaithe a ullmhú agus urraim á tabhairt don oibleagáid atá ar ghnóthais gan féachaint le haon fhaisnéis a fháil ó ghnóthais ina slabhra gníomhaíochtaí ag a bhfuil ar an meán suas le ***1 750 fostaí*** agus ***glanláimhdeachas suas le EUR 450 000 000*** le linn na bliana airgeadais, ar faisnéis í atá sa bhreis ar an bhfaisnéis a shonraítear sna caighdeáin lena n-úsáid go deonach ag gnóthais nach gceanglaítear orthu tuairisciú ar a n-inbhuanaitheacht. Chuige sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh chun foráil a dhéanamh maidir le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta lena n-úsáid go deonach ag gnóthais nach gceanglaítear orthu tuairisciú ar a n-inbhuanaitheacht. Ba cheart na caighdeáin sin a bheith i gcomhréir le hacmhainneachtaí

agus saintréithe na ngnóthas sin, agus ábhartha maidir leo, agus ba cheart iad a bheith i gcomhréir le scála agus castacht a ngníomhaíochtaí. Ba cheart a shonrú leis na caighdeáin freisin, i gcás inar féidir, an struchtúr atá le húsáid chun an fhaisnéis sin a chur i láthair. ***Ba cheart cead a bheith ag gnóthais laistigh den slabhra luacha teimpléad a roghnú chun faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú go deonach ionas nach gceanglaítear ar ghnóthais a iarrann faisnéis measúnú ná mapáil a dhéanamh ar chatagóirí méide na n-eintiteas uile ina slabhra luacha.***

Leasú 7

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 9 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(9a) Go dtí go nglacfaidh an Coimisiún caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh úsáid dheonach, féadfaidh gnóthais a thuairiscíonn faisnéis inbhuanaitheachta go deonach déanamh amhlaidh de réir mholadh 2025/4984 ón gCoimisiún, atá bunaithe ar an gcaighdeán deonach le haghaidh FBManna (Caighdeán TD-FBM) arna fhorbairt ag EFRAG. Chun leanúnachas agus comhréireacht a áirithiú, ba cheart na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta

le haghaidh úsáid dheonach arna nglacadh ag an gCoimisiún mar ghníomh tarmligthe a bheith bunaithe ar an moladh sin, agus ba cheart dóibh a bheith comhréireach agus an prionsabal 'tús áite d'fhiontair bheaga' a chur i gcuntas; ba cheart teanga shimplithe agus modúlacht shimplithe a úsáid lena gceadófaí solúbthacht agus dul chun cinn sna nochtaí. Ba cheart é a bheith mar chuspóir ag an gcaighdeán deonach sin tacú le cuideachtaí: (a) faisnéis a sholáthar a bheidh ina cuidiú le riachtanais sonraí gnóthas a iarrann faisnéis inbhuanaitheachta ar sholáthróirí a chomhlíonadh; (b) faisnéis a sholáthar a bheidh ina cuidiú le riachtanais sonraí na mbanc agus na n-infheisteoirí a chomhlíonadh, agus dá bhrí sin, a bheidh ina cuidiú le gnóthais rochtain a fháil ar mhaoiniú; (c) feabhas a chur ar bhainistíocht na saincheisteanna inbhuanaitheachta atá os a gcomhair, i.e. dúshláin chomhshaoil agus shóisialta amhail truailliú, sláinte agus sábháilteacht an lucht saothair; tacóidh sé sin lena bhfás iomaíoch agus feabhsóidh sé a n-athléimneacht sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma; agus (d) rannchuideoidh sé le geilleagar níos inbhuanaithe agus níos cuimsithí.

Leasú 8

Togra le haghaidh Treorach Aithris 9 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(9b) Níor cheart go gcuirfeadh ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta d'oibleagáid ar ghnóthas faisnéis a nochtadh amhail caipiteal intleachtúil, maoin intleachtúil, fios gnó nó torthaí nuálaíochta a nochtadh a cháileodh mar rúin trádála mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Dá bhrí sin, níor cheart gur dochar na ceanglais tuairiscithe dá bhforáiltear sa Treoir leasaitheach seo do Threoir (AE) 2016/943.

Leasuithe 224 agus 282

Togra le haghaidh Treorach Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Le hAirteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE ceanglaítear ar mháthairghnóthais ar ghrúpaí móra ráiteas inbhuanaitheachta a ullmhú agus a fhoilsiú ar an leibhéal comhdhlúite. Chun an t-ualach tuairiscithe ar na máthairghnóthais sin a laghdú, ba cheart raon feidhme na hoibleagáide sin a theorannú do mháthairghnóthais ar ghrúpaí ***móra*** ag a bhfuil níos mó ná ***1 000*** fostaí ar an meán, ar bhonn comhdhlúite, le linn na	(12) Le hAirteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE ceanglaítear ar mháthairghnóthais de ghrúpaí móra ráiteas inbhuanaitheachta a ullmhú agus a fhoilsiú ar an leibhéal comhdhlúite. Chun an t-ualach tuairiscithe ar na máthairghnóthais sin a laghdú, ba cheart raon feidhme na hoibleagáide sin a theorannú do mháthairghnóthais de ghrúpaí ag a bhfuil ar an meán níos mó ná ***1 750*** fostaí ***agus glanláimhdeachas os cionn***

bliana airgeadas.	***EUR 450 000 000***, ar bhonn comhdhlúite, le linn na bliana airgeadas.
Leasú 10	
Togra le haghaidh Treorach Aithris 12 a (nua)	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12 a) Le Treoir (AE) 2022/2464 ceanglaítear ar ghnóthais faoin raon feidhme faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú de réir Caighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta (CETI) éigeantacha. I mí Iúil 2023, ghlac an Coimisiún an chéad tacar de CETInna. Chun simpliú agus cuíchóiriú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a bhaint amach go tapa, ba cheart don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh a luaithe is féidir, agus ar a dhéanaí 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo, chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcéad sraith de CETInna chun athchóiriú substaintiúil a dhéanamh ar na caighdeáin tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) pointí sonraí a mheastar is lú tábhacht a bhaint le haghaidh tuairisciú inbhuanaitheachta ilchuspóireach, (ii) tosaíocht a thabhairt do tháscairí cainníochtúla maidir le téacs insinte, (iii) treoracha soiléire a sholáthar maidir le conas prionsabal na hábharthachta a chur i bhfeidhm, chun a áirithiú nach gceanglaítear ar

	ghnóthais ach faisnéis ábhartha a thuairisciú, agus chun an riosca a laghdú go spreagfaidh soláthraithe seirbhísí dearbhaithe gnóthais de thaisme faisnéis nach bhfuil riachtanach a thuairisciú nó acmhainní iomarcacha a thiomnú don phróiseas measúnaithe ábharthachta, (iv) feabhas a chur ar chomhsheasmhacht le píosaí eile de reachtaíocht an Aontais, lena n-áirítear reachtaíocht maidir le seirbhísí airgeadais, (v) idir-inoibritheacht le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dhomhanda a áirithiú a mhéid is féidir.
Leasú 11	
Togra le haghaidh Treorach **Aithris 12 b (nua)**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12 b) Chun soiléiriú níos fearr a thabhairt ar na héilimh a dhéantar ar ghnóthais sealbhaíochta airgeadais ar máthairghnóthais iad, is iad na gnóthais sin amháin atá díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach sa Treoir seo a chomhlíonadh. Ar an gcaoi chéanna, chun an t-ualach riaracháin ar ghnóthais a laghdú, i gcás éadálacha fochuideachtaí le déanaí nach bhfuil ag tuairisciú go fóill, ba cheart don mháthairghnóthas tairbhe a bhaint as idirthréimhse 24 mhí.

Leasú 12

Togra le haghaidh Treorach Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Le hAirteagal 29b(1), an tríú fomhír, de Threoir 2013/34/AE, tugtar de chumhacht don Choimisiún caighdeáin tuairiscithe earnáilsonracha a ghlacadh trí ghníomhartha tarmligthe, agus glacfar an chéad sraith de na caighdeáin sin faoin 30 Meitheamh 2026. Chun méadú a sheachaint ar líon na bpointí sonraí forordaithe ar cheart do ghnóthais iad a thuairisciú, ba cheart an cumhachtú sin a bhaint.	(13) Le hAirteagal 29b(1), an tríú fomhír, de Threoir 2013/34/AE, tugtar de chumhacht don Choimisiún caighdeáin tuairiscithe earnáilsonracha a ghlacadh trí ghníomhartha tarmligthe, agus glacfar an chéad sraith de na caighdeáin sin faoin 30 Meitheamh 2026. Chun méadú a sheachaint ar líon na bpointí sonraí forordaithe ar cheart do ghnóthais iad a thuairisciú, ba cheart an cumhachtú sin a bhaint. ***Ina ionad sin, ba cheart don Choimisiún treoirlínte deonacha earnáilsonracha a eisiúint chun tacú le gnóthais agus le hiniúchóirí measúnú a dhéanamh ar a rioscaí, a ndeiseanna agus a dtionchar in earnálacha sonracha, chun cur i bhfeidhm CETI laistigh d'earnáil ar leith a éascú, chun na hábhair inbhuanaitheachta ar dócha go mbeidh siad ábhartha d'earnáil shonrach a shainaithint agus chun ualach an tuairiscithe a laghdú. Ba cheart na treoirlínte sin a bheith bunaithe ar chomhairliúchán leis na geallsealbhóirí ábhartha.***

Leasuithe 225 agus 283

Togra le haghaidh Treorach Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

(14) Ceanglaítear le hAirteagal 29b(4) de Threoir 2013/34/AE nár cheart a shonrú le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta nochtaí lena gceanglaítear ar ghnóthais aon fhaisnéis a fháil ó ghnóthais bheaga agus mheánmhéide ina slabhra luacha, ar faisnéis í atá sa bhreis ar an bhfaisnéis atá le nochtadh de bhun na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh gnóthais bheaga agus mheánmhéide ag a bhfuil urrúis a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte de chuid an Aontais. Ós rud é gur cheart gnóthais bheaga agus mheánmhéide ag a bhfuil urrúis a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte de chuid an Aontais a eisiamh ó thuairisciú inbhuanaitheachta, agus chun laghdú a dhéanamh ar an ualach tuairiscithe ar ghnóthais sa slabhra luacha nach gceanglaítear orthu tuairisciú ar a n-inbhuanaitheacht, níor cheart a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta nochtaí lena gceanglaítear ar ghnóthais aon fhaisnéis a fháil ó ghnóthais ina slabhra luacha ag a bhfuil suas le ***1 000*** fostaí ar an meán le linn na bliana airgeadais, ar faisnéis í atá sa bhreis ar an bhfaisnéis atá le nochtadh de bhun na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta lena n-úsáid go deonach ag gnóthais nach gceanglaítear orthu tuairisciú ar a n-inbhuanaitheacht.

(14) Ceanglaítear le hAirteagal 29b(4) de Threoir 2013/34/AE nár cheart nochtaí a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta lena gceanglaítear ar ghnóthais aon fhaisnéis a fháil ó ghnóthais bheaga agus mheánmhéide ina slabhra luacha, ar faisnéis í atá sa bhreis ar an bhfaisnéis atá le nochtadh de bhun na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta i gcás gnóthais bheaga agus mheánmhéide ag a bhfuil urrúis a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte an Aontais. Ós rud é gur cheart gnóthais bheaga agus mheánmhéide ag a bhfuil urrúis a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte de chuid an Aontais a eisiamh ó thuairisciú inbhuanaitheachta, agus chun laghdú a dhéanamh ar an ualach tuairiscithe ar ghnóthais sa slabhra luacha nach gceanglaítear orthu tuairisciú ar a n-inbhuanaitheacht, níor cheart nochtaí a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta lena gceanglaítear ar ghnóthais aon fhaisnéis a fháil ó ghnóthais ina slabhra luacha ag a bhfuil suas le ***1 750*** fostaí ***agus glanláimhdeachas suas le EUR 450 000 000*** ar an meán le linn na bliana airgeadais, ar faisnéis í atá sa bhreis ar an bhfaisnéis atá le nochtadh de bhun na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta lena n-úsáid go deonach ag gnóthais nach gceanglaítear orthu tuairisciú ar a n-inbhuanaitheacht.

Togra le haghaidh Treorach Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Le hAirteagal 29d de Threoir 2013/34/AE, ceanglaítear ar ghnóthais atá faoi réir na gceanglas in Airteagail 19a agus 29a den Treoir sin a dtuarascáil bhainistíochta, nó a dtuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite, i gcás inarb infheidhme, a ullmhú san fhormáid tuairiscithe leictreonach a shonraítear in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/815 ón gCoimisiún agus a dtuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil, lena n-áirítear na nochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12], i gcomhréir leis an bhformáid tuairiscithe leictreonach atá le sonrú sa Rialachán Tarmligthe sin. Chun soiléireacht a sholáthar do ghnóthais, ba cheart a shonrú nár cheart a cheangal ar ghnóthais a dtuairisciú inbhuanaitheachta ***a mharcáil*** go dtí go nglacfar, trí bhíthin Rialachán Tarmligthe, ***na rialacha sin maidir le marcáil an tuairiscithe inbhuanaitheachta.***	(15) Le hAirteagal 29d de Threoir 2013/34/AE, ceanglaítear ar ghnóthais atá faoi réir na gceanglas in Airteagail 19a agus 29a den Treoir sin a dtuarascáil bhainistíochta, nó a dtuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite, i gcás inarb infheidhme, a ullmhú san fhormáid tuairiscithe leictreonach a shonraítear in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/815 ón gCoimisiún agus a dtuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil, lena n-áirítear na nochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12], i gcomhréir leis an bhformáid tuairiscithe leictreonach atá le sonrú sa Rialachán Tarmligthe sin. Chun soiléireacht a sholáthar do ghnóthais, ba cheart a shonrú ***nár cheart a cheangal*** ar ghnóthais a dtuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil suas go dtí go nglacfar na rialacha sin maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil ***trí bhíthin an Rialacháin Tarmligthe sin***.
_____	_____
[11] Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/815 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2018 lena bhforlíontar Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le sonraíocht formáide tuairiscithe leictreonaí aonair (IO L 143, 29.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2	[11] Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/815 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2018 lena bhforlíontar Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le sonraíocht formáide tuairiscithe leictreonaí aonair (IO L 143, 29.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2

019/815/oj).

[12] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj).

019/815/oj).

[12] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj).

Leasú 16

Togra le haghaidh Treorach Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) Sonraítear in Airteagal 33(1) de Threoir 2013/34/AE go bhfuil freagracht chomhchoiteann ar chomhaltaí comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta ***a bhaineann le gnóthas*** as a áirithiú go ***ndéanfar an tsraith doiciméad*** a tharraingt suas agus a fhoilsiú i gcomhréir le ceanglais na Treorach sin. Chun solúbthacht a sholáthar do ghnóthais agus chun a n-ualach tuairiscithe a laghdú, ***ba cheart a shonrú,*** maidir leis an bhfreagracht chomhchoiteann atá ar chomhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta a bhaineann le gnóthais as ceanglais Airteagal 29d den Treoir sin a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le digitiú na tuarascála bainistíochta, go bhfuil an fhreagracht sin teoranta d'fhoilsiú na tuarascála san fhormáid leictreonach aonair, lena n-áirítear marcáil an	(16) Sonraítear in Airteagal 33(1) de Threoir 2013/34/AE go bhfuil freagracht chomhchoiteann ar chomhaltaí comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta a bhaineann le gnóthas as a áirithiú go ndéanfar doiciméid ***áirithe*** a tharraingt suas agus a fhoilsiú i gcomhréir le ceanglais na Treorach sin. Chun solúbthacht a sholáthar do ghnóthais agus chun a n-ualach tuairiscithe a laghdú, ***is féidir leis na Ballstáit foráil a dhéanamh*** go mbeidh freagracht chomhchoiteann chomhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta gnóthais as ceanglais Airteagal 29d den Treoir sin a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le digitiú na tuarascála bainistíochta teoranta dá foilsiú san fhormáid leictreonach aonair, lena n-áirítear marcáil an tuairiscithe inbhuanaitheachta inti.

tuairiscithe inbhuanaitheachta atá inti.

Leasú 17

Togra le haghaidh Treorach Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) De bhun Airteagal 40a(1), an ceathrú fomhír agus an cúigiú ***fomhír*** de Threoir 2013/34/AE, ní mór d'fhochuideachta san Aontas de chuid gnóthais ***tríú tír*** a ghineann glanláimhdeachas níos mó ná EUR 150 milliún san Aontas, nó, in éagmais na fochuideachta sin, brainse san Aontas a ghineann glanláimhdeachas níos mó ná EUR 40 milliún, faisnéis inbhuanaitheachta a fhoilsiú agus a chur ar fáil ar leibhéal grúpa an mháthairghnóthais tríú tír. ***Chun ailíniú níos dlúithe a bhaint amach leis na critéir a úsáidtear chun na gnóthais atá faoi raon feidhme Threoir (AE) 2024/1760 a shainiú, ba cheart an tairseach ghlanláimhdeachais don ghnóthas tríú tír a ardú ó EUR 150 000 000 go EUR 450 000 000.*** Ar chúiseanna comhsheasmhachta agus laghdaithe ualaigh, ba cheart coigeartú a dhéanamh ar mhéid foghnóthais agus brainse chun iad a bheith faoi raon feidhme Airteagal 40a. ***Ba cheart*** méid an fhoghnóthais ***a bheith ionann agus méid gnóthais mhóir, agus ba cheart na critéir ghlanláimhdeachais don bhrainse a ardú ó EUR 40 000 000 go***	(17) De bhun Airteagal 40a(1), an ceathrú agus an cúigiú ***fomhíreanna*** de Threoir 2013/34/AE, ní mór d'fhochuideachta san Aontas de chuid gnóthais ***tríú tír*** a ghineann glanláimhdeachas níos mó ná EUR 150 milliún san Aontas, nó, in éagmais na fochuideachta sin, brainse san Aontas a ghineann glanláimhdeachas níos mó ná EUR 40 milliún, faisnéis inbhuanaitheachta a fhoilsiú agus a chur ar fáil ar leibhéal grúpa an mháthairghnóthais tríú tír. Ar chúiseanna comhsheasmhachta agus laghdaithe ualaigh, ***agus chun machaire comhréidh a áirithiú,*** ba cheart coigeartú a dhéanamh ar mhéid foghnóthais agus brainse chun iad a bheith faoi raon feidhme Airteagal 40a. Ba cheart méid an fhoghnóthais ***agus*** an bhrainse a ***shocrú ag glanláimhdeachas níos mó ná EUR 450 000 000.***

EUR 50 000 000, chun ailíniú leis an tairseach ghlanláimhdeachais ***le haghaidh gnóthais mhóra.***

Leasuithe 226 agus 284

Togra le haghaidh Treorach Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Sonraítear in Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, de Threoir (AE) 2022/2464 na dátaí óna bhfuil na Ballstáit leis na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta a leagtar amach i dTreoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm, agus dátaí éagsúla i gceist de réir mhéid an ghnóthais lena mbaineann. Ós rud é gur cheart raon feidhme na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta aonair a laghdú chun nach n-áireofaí ach gnóthais ***mhóra*** ag a bhfuil níos mó ná ***1 000*** fostaí ar an meán le linn na bliana airgeadais, agus gur cheart raon feidhme na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta comhdhlúite a laghdú dá réir sin, ba cheart na critéir a choigeartú chun na dátaí cur i bhfeidhm a chinneadh, agus ba cheart fáil réidh leis an tagairt do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide ag a bhfuil urrúis a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte de chuid an Aontais.	(18) Sonraítear in Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, de Threoir (AE) 2022/2464 na dátaí faoina bhfuil na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta a leagtar amach i dTreoir 2013/34/AE le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit, le dátaí éagsúla ag brath ar mhéid an ghnóthais lena mbaineann. Ós rud é gur cheart raon feidhme na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta aonair a laghdú chun nach n-áireofaí ach gnóthais ag a bhfuil ar an meán níos mó ná ***1 750*** fostaí ***agus glanláimhdeachas os cionn EUR 450 000 000*** le linn na bliana airgeadais, agus gur cheart raon feidhme na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta comhdhlúite a laghdú dá réir sin, ba cheart coigeartú a dhéanamh ar na critéir chun na dátaí cur i bhfeidhm a chinneadh, agus ba cheart fáil réidh leis an tagairt do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide ag a bhfuil urrúis a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte de chuid an Aontais.

Leasuithe 227 agus 285

Togra le haghaidh Treorach

Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Sonraítear in Airteagal 5(2), an tríú fomhír, de Threoir (AE) 2022/2464 na dátaí óna bhfuil na Ballstáit leis na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta a leagtar amach i dTreoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm, agus dátaí éagsúla i gceist de réir mhéid an eisitheora lena mbaineann. Ós rud é gur cheart raon feidhme na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta aonair a laghdú chun nach n-áireofaí ach gnóthais ***mhóra*** ag a bhfuil níos mó ná ***1 000*** fostaí ar an meán le linn na bliana airgeadais, agus gur cheart raon feidhme na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta comhdhlúite a laghdú dá réir sin, ba cheart na critéir a choigeartú chun na dátaí cur i bhfeidhm a chinneadh, agus ba cheart fáil réidh leis an tagairt do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide.	(19) Sonraítear in Airteagal 5(2), an tríú fomhír, de Threoir (AE) 2022/2464 na dátaí faoina bhfuil na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta a leagtar amach i dTreoir 2004/109/CE le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit, le dátaí éagsúla ag brath ar mhéid an eisitheora lena mbaineann. Ós rud é gur cheart raon feidhme na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta aonair a laghdú chun nach n-áireofaí ach gnóthais ag a bhfuil níos mó ná ***1 750*** fostaí ***agus glanláimhdeachas os cionn EUR 450 000 000 ar an meán*** le linn na bliana airgeadais, agus gur cheart raon feidhme na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta comhdhlúite a laghdú dá réir sin, ba cheart coigeartú a dhéanamh ar na critéir chun na dátaí cur i bhfeidhm a chinneadh, agus ba cheart fáil réidh leis an tagairt do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide.

Leasú 20

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) Le hAirteagal 4(1) de Threoir (AE) 2024/1760, toirmisctear ar na Ballstáit forálacha a thabhairt isteach, ina ndlí náisiúnta, faoin réimse a chumhdaítear leis an Treoir lena	(20) Le hAirteagal 4(1) de Threoir (AE) 2024/1760, toirmisctear ar na Ballstáit forálacha a thabhairt isteach, ina ndlí náisiúnta, faoin réimse a chumhdaítear leis an Treoir lena

leagtar síos oibleagáidí díchill chuí maidir le cearta an duine agus maidir leis an gcomhshaol, ar forálacha iad nach bhfuil i gcomhréir leo siúd a leagtar síos in Airteagal 8(1) agus (2), agus Airteagal 10(1) den Treoir sin. Chun a áirithiú nach rachaidh na Ballstáit níos faide ná an Treoir sin agus chun tírdhreach rialála ilroinnte a sheachaint as a n-eascróidh éiginnteacht dhlíthiúil agus ualach neamhriachtanach, ba cheart forálacha comhchuibhithe iomlána Threoir (AE) 2024/1760 a leathnú chun forálacha breise a chuimsiú lena rialófar príomhghnéithe an phróisis díchill chuí. Áirítear leis sin, go háirithe, an dualgas sainaitheanta, na dualgais aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair a sainaithníodh nó ar cheart iad a bheith sainaitheanta, na dualgais dul i dteagmháil le geallsealbhóirí i gcásanna áirithe, agus an dualgas foráil a dhéanamh maidir le sásra gearán agus fógra. San am céanna, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit ***forálacha níos déine nó níos sonraí a thabhairt isteach maidir le gnéithe eile, lena n-áirítear forálacha chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí atá ag teacht chun cinn a bhaineann le táirgí nó seirbhísí nua.***

leagtar síos oibleagáidí díchill chuí maidir le cearta an duine agus maidir leis an gcomhshaol, ar forálacha iad nach bhfuil i gcomhréir leo siúd a leagtar síos in Airteagal 8(1) agus (2), agus Airteagal 10(1) den Treoir sin. Chun a áirithiú nach rachaidh na Ballstáit níos faide ná an Treoir sin agus chun tírdhreach rialála ilroinnte a sheachaint as a n-eascróidh éiginnteacht dhlíthiúil agus ualach neamhriachtanach, ba cheart forálacha comhchuibhithe iomlána Threoir (AE) 2024/1760 a leathnú chun forálacha breise a chuimsiú lena rialófar príomhghnéithe an phróisis díchill chuí. Áirítear leis sin, go háirithe, na ***forálacha maidir le dícheall cuí ar leibhéal an ghrúpa,*** dualgas aitheantais, na dualgais chun aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair a sainaithníodh nó ba cheart a bheith sainaitheanta***, tosaíocht***, na dualgais chun dul i dteagmháil le geallsealbhóirí i gcásanna áirithe, agus an dualgas foráil a dhéanamh maidir le sásra gearán agus fógra. Ag an am céanna, ba cheart cead ***a bheith ag na Ballstáit fós*** forálacha ***den dlí náisiúnta a thabhairt isteach nó a choinneáil ar bun lena rialaítear drochthionchair shonracha nó earnálacha sonracha gníomhaíochta, táirgí nó seirbhísí sonracha, chun leibhéal éagsúil cosanta a bhaint amach do chearta an duine, do chearta fostaíochta agus sóisialta, don chomhshaol nó don aeráid***.

Leasú 21

Togra le haghaidh Treorach Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) Le hAirteagal 5 de Threoir (AE) 2024/1760, cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh cuideachtaí móra os cionn méid áirithe dícheall cuí rioscabhunaithe maidir le cearta an duine agus leis an gcomhshaol. Chun laghdú a dhéanamh ar ualaí ar chuideachtaí nach mór dóibh an oibleagáid sin a chomhlíonadh, ***ba cheart, mar riail ghinearálta, an dícheall cuí a bhfuil gá leis a theorannú d'oibríochtaí na cuideachta féin, d'oibríochtaí a fochuideachtaí agus d'oibríochtaí a comhpháirtithe gnó díreacha ('leibhéal 1'). Dá bhrí sin, a mhéid a bhaineann le caidrimh ghnó, ba cheart a cheangal ar chuideachtaí, tar éis dóibh a slabhraí gníomhaíochtaí a mhapáil, measúnuithe cuimsitheacha a dhéanamh a mhéid a bhaineann le comhpháirtithe gnó díreacha amháin. Mar sin féin, ba cheart do chuideachtaí breathnú níos faide ná a gcaidrimh ghnó díreacha i gcás ina bhfuil faisnéis inchreidte acu a thugann le tuiscint go bhfuil drochthionchar ann ar leibhéal comhpháirtí gnó indírigh. Ciallaíonn faisnéis inchreidte faisnéis de chineál oibiachtúil lena gceadaítear don chuideachta a chinneadh go bhfuil dóchúlacht réasúnta ann go bhfuil an fhaisnéis fíor. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás ina bhfuair an***	(21) Le hAirteagal 5 de Threoir (AE) 2024/1760, cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh cuideachtaí móra os cionn méid áirithe dícheall cuí rioscabhunaithe maidir le cearta an duine agus leis an gcomhshaol. Chun ***éifeachtacht a áirithiú,*** chun ualaí ar chuideachtaí nach mór dóibh an oibleagáid sin a chomhlíonadh ***a laghdú agus chun a áirithiú go n-úsáidfear a n-acmhainní d'aon ghnó,*** ba cheart ***a chur i gcuntas leis an dícheall cuí agus leis na bearta cuí is gá fachtóirí riosca ábhartha, lena n-áirítear fachtóirí riosca ar leibhéal na cuideachta, amhail an amhlaidh nach*** cuideachta ***a chumhdaítear leis an Treoir seo é an*** comhpháirtí gnó***, fachtóirí riosca oibríochta gnó, fachtóirí riosca geografacha agus comhthéacsúla, amhail*** leibhéal fhorfheidhmiú an dlí i ndáil le cineál na ndrochthionchar; ***fachtóirí riosca táirge agus seirbhíse, agus fachtóirí riosca earnála.*** Ba cheart do chuideachtaí ***an scóip a chur i gcrích chun réimsí ginearálta a shainaithint inar dóchúla drochthionchair a bheith ann agus níos déine Bunaithe ar thorthaí na scóipe, ba cheart a cheangal ar*** na cuideachtaí, ***i gcás ina bhfuil forais ag an gcuideachta lena chreidiúint, ar bhonn faisnéis ábhartha infhíoraithe, gur tháinig***

chuideachta lena mbaineann gearán nó i gcás ina bhfuil faisnéis ina seilbh aici, mar shampla, trí thuarascálacha inchreidte ó na meáin nó ó eagraíochtaí neamhrialtasacha, trí thuarascálacha ar theagmhais a tharla le déanaí, nó trí fhadhbanna athfhillteacha in áiteanna áirithe maidir le gníomhaíochtaí díobhálacha dóchúla nó iarbhír ar leibhéal comhpháirtí gnó indírigh. I gcás ina bhfuil an fhaisnéis sin ag an gcuideachta, ba cheart di measúnú cuimsitheach a dhéanamh. Ba cheart do chuideachtaí ***measúnuithe cuimsitheacha*** a dhéanamh ***freisin maidir le drochthionchair a thagann chun cinn lasmuigh dá gcomhpháirtí gnó díreach i gcás nach bhfuil réasúnaíocht eacnamaíoch ag baint le struchtúr an chaidrimh gnó sin agus i gcás ina dtugtar le fios gur roghnaíodh é chun soláthróir eile lena mbaineann gníomhaíochtaí díobhálacha, soláthróir atá ina sholáthróir díreach seachas sin, a bhaint de raon na cuideachta. I gcás ina ndeimhnítear leis an measúnú cuimsitheach gur dócha gurb ann don drochthionchar nó ina ndeimhnítear gurb ann dó, ba cheart a mheas ansin gur sainaithníodh é. Ina theannta sin,*** ba cheart do chuideachtaí ***féachaint lena áirithiú go gcloífear lena gcód iompair — cód iompair atá ina chuid dá mbeartas díchill chuí agus ina leagtar amach na hionchais maidir leis an gcaoi le cearta an duine, lena n-áirítear drochthionchair chun cinn nó go bhféadfadh drochthionchair teacht chun cinn, measúnuithe breise a dhéanamh ach gan iad a dhéananh ach amháin i réimsí inar sainaithníodh gur dóchúla drochthionchair a bheith ann agus agus níos déine.***

cearta oibrithe, agus an comhshaol a chosaint in oibríochtaí gnó — sa slabhra gníomhaíochtaí trí chéile i gcomhréir le cascáidiú conarthach agus na ceanglais maidir le tacaíocht FBManna.

Leasú 22

Togra le haghaidh Treorach Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(22) Chun teorainn a chur leis an síothlú síos chuig gnóthais bheaga agus mheánmhéide agus chuig cuideachtaí meánchaipitlithe beaga a mhéid a bhaineann leis an slabhra ***luacha a mhapáil*** chun drochthionchair a shainaithint, ba cheart do chuideachtaí ***móra*** iarrataí ar fhaisnéis ***a theorannú don*** fhaisnéis ***a shonraítear sna caighdeáin le haghaidh úsáid dheonach dá dtagraítear in Airteagal 29a de Threoir (AE) 2013/34/AE, ach amháin má tá ga acu le*** faisnéis bhreise ***chun an mhapáil a dhéanamh agus*** mura féidir ***leo*** an fhaisnéis ***sin*** a fháil ***ar aon bhealach réasúnach eile***.	(22) Chun teorainn a chur le héifeacht an tsíothlaithe ar ***chuideachtaí eile, lena n-áirítear*** gnóthais bheaga agus mheánmhéide agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga a mhéid a bhaineann le ***scóipiú an*** tslabhra ***gníomhaíochtaí*** chun drochthionchair a shainaithint, ***níor cheart*** do chuideachtaí ***a thagann faoin raon feidhme féachaint le*** faisnéis ***a fháil óna gcomhpháirtithe gnó ach ba cheart dóibh brath ar fhaisnéis atá ar fáil go réasúnta cheana féin, agus ar sin amháin, amhail faisnéis atá ar eolas go poiblí, faisnéis ó chuardaigh agus faisnéis a fuarthas trí chomhar níos luaithe***. ***Níl faisnéis ar leibhéal eintitis ná cumarsáid le comhpháirtithe gnó ábhartha ag an gcéim seo. Níor cheart é a bheith indéanta an fhaisnéis sin a lorg le haghaidh measúnuithe breise ach amháin faoi choinníollacha áirithe. I gcás den sórt sin, níor cheart é a bheith indéanta faisnéis a lorg ó chomhpháirtithe gnó ach amháin i gcás ina bhfuil gá leis an bhfaisnéis sin, de réir***

cur chuige rioscabhunaithe, i bhfianaise tásca go bhfuil drochthionchair dhóchúla ag comhpháirtithe gnó a bhfuil níos lú ná 5000 fostaí acu, i gcás nach féidir ***an*** fhaisnéis bhreise ***sin a fháil go réasúnach ar bhealaí eile, go príomha ó fhoinsí atá ann cheana nó ó fhoinsí tánaisteacha. In aon chás, ba cheart aon iarraidh a bheith spriocdhírithe, réasúnach agus comhréireach. Chun comhlíonadh a éascú do chuideachtaí agus do na comhpháirtithe gnó ábhartha, ba cheart é a bheith indéanta an*** fhaisnéis ***is gá*** a fháil ***ar bhonn aonair nó i gcomhar le chéile.***

Leasú 23

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 22 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(22a)Agus iad ag cloí leis an gcuspóir tosaíocht a thabhairt do na tionchair is díobhálaí agus is dóchúla, ba cheart solúbthacht shuntasach a thabhairt do chuideachtaí agus cinneadh á dhéanamh acu maidir leis na rioscaí ar cheart aghaidh a thabhairt orthu ar dtús ar bhonn déine agus dóchúlachta drochthionchair. Ba cheart an cinneadh sin a bheith bunaithe ar scála, raon feidhme nó cineál doleigheasta an drochthionchair, agus tromchúis an tionchair á cur

san áireamh. A luaithe a bheidh aghaidh tugtha ar na drochthionchair is déine agus is dóchúla in achar ama réasúnta, ba cheart do chuideachtaí aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair nach bhfuil chomh dian ná dóchúil céanna. Mar sin féin, níor cheart pionós a ghearradh ar chuideachtaí as aon díobháil a eascraíonn as drochthionchair nach bhfuil chomh suntasach céanna agus nár tugadh aghaidh orthu go fóill de réir na tosaíochta i gcomhréir leis na prionsabail sin.

Leasú 24

Togra le haghaidh Treorach Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) D'fhéadfadh sé go mbeadh cuideachtaí i staid ina mbraitheann a dtáirgeadh go mór ar ionchuir ó sholáthróir sonrach amháin nó ó roinnt soláthróirí. An tráth céanna, i gcás ina bhfuil baint ag oibríochtaí gnó soláthróra den sórt sin le drochthionchair thromchúiseacha, lena n-áirítear saothar leanaí nó díobháil nach beag don chomhshaol, agus i gcás ina bhfuil triail bainte ag an gcuideachta as gach beart díchill chuí chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair sin, ba cheart don chuideachta. mar rogha dheireanach, an caidreamh gnó a chur ar fionraí agus leanúint d'oibriú leis an soláthróir chun teacht ar réiteach, agus úsáid á	(23) D'fhéadfadh sé go mbeadh cuideachtaí i staid ina mbraitheann a dtáirgeadh go mór ar ionchuir ó sholáthróir sonrach amháin nó ó roinnt soláthróirí. An tráth céanna, i gcás ina bhfuil baint ag oibríochtaí gnó soláthróra den sórt sin le drochthionchair thromchúiseacha, lena n-áirítear saothar leanaí nó díobháil nach beag don chomhshaol, agus i gcás ina bhfuil triail bainte ag an gcuideachta as gach beart díchill chuí chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair sin, ba cheart don chuideachta, mar rogha dheireanach, an caidreamh gnó a chur ar fionraí ***go sealadach*** agus leanúint d'oibriú leis an soláthróir chun teacht ar

baint, i gcás inar féidir, as aon tairbhe mhéadaithe a eascraíonn as an bhfionraí.

réiteach, agus úsáid á baint, i gcás inar féidir, as aon ghiaráil mhéadaithe a eascraíonn as an bhfionraí. ***Ba cheart don chuideachta measúnú a dhéanamh, i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha, i dtaobh an ndéanann fionraí den sórt sin dochar substaintiúil don chuideachta, lena n-áirítear i gcás ina soláthraíonn comhpháirtithe gnó ríthábhachtacha amhábhair, táirgí nó seirbhísí atá bunriachtanach do ghnó na cuideachta agus nach bhfuil aon rogha mhalartach ar fáil ina leith. Ba cheart dochar substaintiúil a léirmhíniú mar éifeacht dhiúltach shuntasach ar staid dhlíthiúil, airgeadais nó eacnamaíoch na cuideachta nó ar a hacmhainneacht táirgeachta, lena n-áirítear san fhadtéarma, amhail éifeacht as a n-eascraíonn dóchúlacht dócmhainneachta. Ionas nach mbainfear an bonn ó aidhmeanna na Treorach seo, ba cheart an cinneadh gan an caidreamh gnó a chur ar fionraí a bheith faoi réir coinníollacha, lena n-áirítear tuairisciú don údarás inniúil maoirseachta faoi na cúiseanna a bhfuil údar cuí leis an gcinneadh sin. Ba cheart do chuideachtaí a mheas freisin an féidir a bheith ag dréim leis go réasúnta go mbeidh na drochthionchair ón bhfionraí níos déine ná an drochthionchar nach bhféadfaí a chosc ná a mhaolú go leormhaith. Más amhlaidh an cás, níor cheart a cheangal ar an gcuideachta an caidreamh***

	gnó a chur ar fionraí agus ba cheart di a bheith in ann tuairisciú don údarás maoirseachta inniúil faoi na cúiseanna a bhfuil údar cuí leis an gcinneadh sin.

Leasú 26

Togra le haghaidh Treorach Aithris 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(25) Chun ualaí riaracháin ar chuideachtaí a laghdú, ba cheart sprioc-am an Choimisiúin chun treoirlínte ginearálta maidir le dícheall cuí a ghlacadh a chur ar aghaidh go dtí an 26 Iúil 2026. San am céanna, ba cheart an dáta cur i bhfeidhm maidir le Treoir (AE) 2024/1760 don chéad ghrúpa cuideachtaí a chur siar go dtí an 26 Iúil 2028 i gcomhréir le Treoir (AE) XXX/XXX[13]. Leis an eatramh 2 bhliain sin, ba cheart dóthain ama a thabhairt do chuideachtaí an treoraíocht phraiticiúil agus na dea-chleachtais a áirítear i dtreoirlínte an Choimisiúin a chur san áireamh agus bearta díchill chuí á gcur chun feidhme acu.	(25) Chun ualaí riaracháin ar chuideachtaí a laghdú, ba cheart sprioc-am an Choimisiúin chun treoirlínte ginearálta maidir le dícheall cuí a ghlacadh a chur ar aghaidh go dtí an 26 Iúil 2026. San am céanna, ba cheart an dáta cur i bhfeidhm maidir le Treoir (AE) 2024/1760 don chéad ghrúpa cuideachtaí a chur siar go dtí an 26 Iúil 2028 i gcomhréir le Treoir (AE) XXX/XXX [13] . Leis an eatramh dhá bhliain sin, ba cheart dóthain ama a thabhairt do chuideachtaí an treoraíocht phraiticiúil agus na dea-chleachtais a áirítear i dtreoirlínte an Choimisiúin a chur san áireamh agus bearta díchill chuí á gcur chun feidhme acu.
_____	_____
[13] Treoir (AE) 2025/XX an	[13] Treoir (AE) 2025/XX an .....

Leasuithe 228 agus 287

Togra le haghaidh Treorach Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

(26) ***Chun a áirithiú go ndéanfar*** Treoir (AE) 2024/1760 ***a ailíniú níos fearr leis an gcóras um thuairisciú inbhuanaitheachta a leagtar síos i dTreoir (AE) 2022/2464, ba cheart soiléiriú a chur in ionad an cheanglais chun*** an plean aistrithe ***a chur i bhfeidhm*** maidir le maolú ar an athrú aeráide***, soiléiriú go n-áireofar san oibleagáid atá ar chuideachtaí plean aistrithe a ghlacadh gníomhaíochtaí cur chun feidhme, idir ghníomhaíochtaí atá beartaithe agus ghníomhaíochtaí déanta***. ***An oibleagáid maidir le glacadh an phlean agus maidir lena dhearadh tosaigh agus a dhearadh nuashonraithe, tá sé sin faoi réir maoirseacht*** riaracháin ***fós***.

(26) ***Measadh forálacha*** Threoir (AE) 2024/1760 ***maidir leis an*** bplean aistrithe don athrú aeráide ***a bheith díréireach, go háirithe mar gheall ar an ualach*** riaracháin ***ar chuideachtaí agus ar údaráis inniúla, agus d'fhéadfadh éiginnteacht dhlíthiúil a bheith mar thoradh orthu***. ***Is gá na forálacha sin a aisghairm chun oibleagáidí a chuíchóiriú agus chun tacú le cur chun feidhme níos spriocdhírithe agus níos éifeachtúla na Treorach sin.***

Leasú 28

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) Le hAirteagal 27(1) de Threoir AE 2024/1760 ceanglaítear ar na Ballstáit pionóis a leagan síos atá le bheith 'éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach'. Le hAirteagal 27(2) den Treoir sin, ceanglaítear ar na Ballstáit, nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh acu cé acu pionóis a fhorchur nó gan iad a fhorchur, agus, i gcás ina bhfuil pionóis le forchur, nuair a bhíonn cineál agus leibhéal iomchuí na bpionós á gcinneadh acu, aird	(27) Le hAirteagal 27(1) de Threoir AE 2024/1760 ceanglaítear ar na Ballstáit pionóis a leagan síos atá le bheith 'éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach'. Le hAirteagal 27(2) den Treoir sin, ceanglaítear ar na Ballstáit, nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh acu cé acu pionóis a fhorchur nó gan iad a fhorchur, agus, i gcás ina bhfuil pionóis le forchur, nuair a bhíonn cineál agus leibhéal iomchuí na bpionós á gcinneadh acu, aird

chuí a thabhairt ar shraith tosca lena gcinntear tromchúis an tsáraithe agus imthosca maolaitheacha nó géaraitheacha. Le hAirteagal 27(4) den Treoir sin, ceanglaítear ar na Ballstáit aon phionós airgid a fhorchuirtear a bhunú ar ghlanláimhdeachas domhanda na cuideachta lena mbaineann. ***Mar sin féin, ós rud é nach mór do na*** Ballstáit ***an tsraith tosca a leagtar síos in Airteagal 27(2) den Treoir sin a chur san áireamh cheana féin, níl aon ghá le*** pionóis airgid ***a bhunú*** ar ghlanláimhdeachas domhanda na cuideachta ***lena mbaineann. Chun cothrom iomaíochta a áirithiú ar fud an Aontais, áfach, ba cheart toirmeasc a chur ar na Ballstáit uasteorainn nó caidhp a thabhairt isteach ina ndlí náisiúnta maidir le haon phionós airgid a fhorchuirtear ar*** chuideachtaí faoina ***ndlínse a chuirfeadh cosc ar údaráis mhaoirseachta pionóis a fhorchur i gcomhréir leis na tosca a leagtar síos in*** Airteagal ***27(2).*** Thairis sin, chun na cleachtais forfheidhmiúcháin a chomhchuibhiú ar fud an Aontais, ba cheart don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, treoirlínte a fhorbairt chun cabhrú leis na húdaráis mhaoirseachta leibhéal na bpionós a chinneadh.

Leasú 29

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 29 a (nua)

chuí a thabhairt ar shraith tosca lena gcinntear tromchúis an tsáraithe agus imthosca maolaitheacha nó géaraitheacha. Le hAirteagal 27(4) den Treoir sin, ceanglaítear ar na Ballstáit aon phionós airgid arna fhorchur a bhunú ar ghlanláimhdeachas domhanda na cuideachta lena mbaineann. ***Chun pionóis chomhréireacha a áirithiú, ba cheart do na*** Ballstáit ***a ráthú go socrófar an uasteorainn le haghaidh pionóis airgid ag 5% de*** ghlanláimhdeachas domhanda na cuideachta ***nó, i gcás*** cuideachtaí ***a thagann*** faoi ***Airteagal 2(1)(b) agus*** Airteagal ***2(2)(b), de láimhdeachas domhanda comhdhlúite an mháthairghnóthais deiridh, sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais ina ndearnadh an cinneadh an fhíneáil a fhorchur.*** Thairis sin, chun na cleachtais forfheidhmiúcháin a chomhchuibhiú ar fud an Aontais, ba cheart don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, treoirlínte a fhorbairt chun cabhrú leis na húdaráis mhaoirseachta leibhéal ***iomchuí*** na bpionós a chinneadh.

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(29 a) Chun comhlíonadh na n-oibleagáidí tuairiscithe agus díchill chuí faoi dhlí an Aontais ag cuideachtaí a éascú, agus chun feabhas a chur ar inrochtaineacht agus inúsáidteacht na faisnéise a bhaineann le hinbhuanaitheacht, ba cheart don Choimisiún tairseach tuairiscithe dhigitigh thiomnaithe a bhunú. Ba cheart don tairseach sin feidhmiú mar ionad ilfhreastail, lena dtabharfar rochtain shaincheaptha do chuideachtaí, saor in aisce, ar theimpléid, ar threoirlínte, ar cheanglais tuairiscithe, lena n-áirítear uirlisí deonacha, agus ar fhaisnéis maidir le deiseanna cistiúcháin agus tairisceana. Chun feidhmiú éifeachtach na tairsí a áirithiú, ba cheart don Choimisiún idir-inoibritheacht na n-ardán sonraí atá ann cheana a chur chun cinn, rud a chumasóidh tarchur, malartú agus anailís sonraí gan uaim, chomh maith le comhlántacht leis an bPointe Rochtana Aonair Eorpach. Thairis sin, agus i bhfianaise na bhforbairtí gasta teicneolaíochta, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht na réiteach teicneolaíoch, lena n-áirítear úsáid na hintleachta saorga iontaofa i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] chun tacú le digitiú an tuairiscithe agus chun cáilíocht agus

inrochtaineacht sonraí a bhaineann le hinbhuanaitheacht a fheabhsú.

---

[1] Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) (IO L, 2024/1689, 12.7.2024).

Leasú 30

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1
Treoir 2006/43/CE
Airteagal 26a – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 48a chun an Treoir seo a fhorlíonadh chun foráil a dhéanamh maidir le caighdeáin dearbhaithe theoranta lena leagtar amach na nósanna imeachta a dhéanfaidh an t-iniúchóir nó na hiniúchóirí agus an gnólacht iniúchóireachta nó na gnólachtaí iniúchóireachta chun teacht ar chonclúidí maidir le	Déanfaidh an Coimisiún***, tráth nach déanaí ná an 1 Deireadh Fómhair 2026,*** gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 48a chun an Treoir seo a fhorlíonadh chun foráil a dhéanamh maidir le caighdeáin dearbhaithe theoranta lena leagtar amach na nósanna imeachta a dhéanfaidh an t-iniúchóir nó na hiniúchóirí agus an gnólacht iniúchóireachta nó na gnólachtaí iniúchóireachta chun

dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta, lena n-áirítear pleanáil gníomhaíochtaí, breithniú riosca agus freagairt ar rioscaí agus cineál na gconclúidí atá le háireamh sa tuarascáil dearbhaithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta, nó, i gcás inarb ábhartha, sa tuarascáil iniúchóireachta.	teacht ar chonclúidí maidir le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta, lena n-áirítear pleanáil gníomhaíochtaí, breithniú riosca agus freagairt ar rioscaí agus cineál na gconclúidí atá le háireamh sa tuarascáil dearbhaithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta, nó, i gcás inarb ábhartha, sa tuarascáil iniúchóireachta.

Leasú 31

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1
Treoir 2006/43/CE
Airteagal 26a – mír 3 – fomhír 2 – an fhoclaíocht réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní fhéadfaidh an Coimisiún na caighdeáin dearbhaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír ***a ghlacadh ach amháin i gcás inar fíor*** an méid seo a leanas maidir leo:	***Glacfaidh*** an Coimisiún na caighdeáin dearbhaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír ***tar éis dó tuairim a fháil ó EFRAG agus*** an méid seo a leanas ***á áirithiú aige ag an am céanna*** maidir leo:

Leasuithe 230 agus 289

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 1 – mír 3 – fomhír 1 –an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
‘Na bearta comhordúcháin a fhorordaítear le hAirteagail 19a, 19b, 29a, 29aa, 29d, 30 agus 33, Airteagal 34(1), an dara fomhír, pointe (aa), Airteagal 34(2) agus (3), agus Airteagal 51 den Treoir seo, beidh feidhm acu freisin maidir le dlíthe, rialacháin agus	**‘**Na bearta comhordúcháin a fhorordaítear le hAirteagail 19a, 19b, 29a, 29aa, 29d, 30 agus 33, Airteagal 34(1), an dara fomhír, pointe (aa), Airteagal 34(2) agus (3), agus Airteagal 51 den Treoir seo, beidh feidhm acu freisin maidir le forálacha reachtaíochta,

forálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann leis na gnóthais seo a leanas, gan beann ar a bhfoirm dhlíthiúil, ar choinníoll ***gur gnóthais mhóra iad na gnóthais sin, ag a bhfuil níos mó ná 1 000*** fostaí ar an meán, ar dhátaí a gcláir comhardaithe, le linn na bliana airgeadais:;	rialúcháin agus riaracháin na mBallstát a bhaineann leis na gnóthais seo a leanas gan beann ar a bhfoirm dhlíthiúil, ar choinníoll go bhfuil ***níos mó ná*** *1 750* fostaí ***ar an meán*** agus ***glanláimhdeachas ar mó é ná EUR 450 000 000*** ag na gnóthais sin, ar dhátaí a gcláir chomhardaithe, le linn na bliana airgeadais:’;

Leasuithe 231 agus 290

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 a (nua)
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 – mír 1 – fomhír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1 a) in Airteagal 19(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:
	‘Gnóthais ag a bhfuil ar an meán níos mó ná 1 750 fostaí agus glanláimhdeachas EUR 450 000 000, ar dhátaí a gcláir chomhardaithe, le linn na bliana airgeadais, tuairisceoidh siad faisnéis maidir leis na príomhacmhainní doláimhsithe agus míneoidh siad conas a bhraitheann samhail ghnó an ghnóthais go bunúsach ar na hacmhainní sin agus conas is foinse cruthaithe luacha don ghnóthas iad na hacmhainní sin.’;

Leasuithe 232 agus 291

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 2 – pointe a
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
‘Gnóthais ***mhóra*** ag a bhfuil níos mó ná ***1 000*** fostaí ar an meán, ar dhátaí a gcláir comhardaithe, le linn na bliana airgeadais, áireoidh siad ina dtuarascáil bhainistíochta an fhaisnéis is gá chun tionchair an ghnóthais ar ábhair inbhuanaitheachta a thuiscint, agus an fhaisnéis is gá chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a ndéanann ábhair inbhuanaitheachta difear d’fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghnóthais.’***;***	‘Gnóthais ag a bhfuil, ar dhátaí a gcláir comhardaithe, níos mó ná ***1 750*** fostaí ar an meán agus ***glanláimhdeachas EUR 450 000 000*** le linn na bliana airgeadais, áireoidh siad ina dtuarascáil bhainistíochta an fhaisnéis is gá chun tionchair an ghnóthais ar ábhair inbhuanaitheachta a thuiscint, agus an fhaisnéis is gá chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a ndéanann ábhair inbhuanaitheachta difear d’fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghnóthais.’;

Leasú 35

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 – pointe a a (nua)
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 1 – fomhír 2a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(a a) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:
	‘Gnóthais ar gnóthas sealbhaíochta airgeadais iad mar a shainmhínítear in Airteagal 2(15), beidh siad díolmhaithe ó na hoibleagáidí faoin Treoir seo a chomhlíonadh.’;

Leasuithe 233 agus 292

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 – pointe b – pointe i
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás inarb infheidhme, san fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, beidh faisnéis faoi oibríochtaí an ghnóthais féin agus faoina shlabhra luacha, lena n-áirítear a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair. Áiritheoidh na Ballstáit, chun faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú mar a cheanglaítear leis an Treoir seo, nach bhféachfaidh gnóthais le haon fhaisnéis a fháil ó ghnóthais ina slabhra luacha nach bhfuil níos mó ná ***1 000*** fostaí ar an meán acu, ar dhátaí a gcláir comhardaithe, le linn na bliana airgeadais, ar faisnéis í atá sa bhreis ar an bhfaisnéis a shonraítear sna caighdeáin le haghaidh úsáid dheonach dá dtagraítear in Airteagal 29ca, seachas faisnéis inbhuanaitheachta bhreise a chomhroinntear go coitianta idir gnóthais san earnáil lena mbaineann. Gnóthais a thuairiscíonn an fhaisnéis is gá maidir leis an slabhra luacha gan aon fhaisnéis a thuairisciú ó ghnóthais ina slabhra luacha nach bhfuil níos mó ná 1 000 fostaí ar an meán acu, ar dhátaí a gcláir comhardaithe, le linn na bliana airgeadais, ar faisnéis í atá sa bhreis ar an bhfaisnéis a shonraítear sna caighdeáin le haghaidh úsáid dheonach dá dtagraítear in Airteagal 29ca, cé is moite d’fhaisnéis inbhuanaitheachta bhreise a chomhroinntear go coitianta idir	‘I gcás inarb infheidhme, san fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, beidh faisnéis faoi oibríochtaí an ghnóthais féin agus faoina shlabhra luacha, lena n-áirítear a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair. Áiritheoidh na Ballstáit, chun faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú mar a cheanglaítear leis an Treoir seo, nach bhféachfaidh gnóthais le haon fhaisnéis a fháil ó ghnóthais ina slabhra luacha nach bhfuil níos mó ná ***1 750*** fostaí ar an meán acu agus ***glanláimhdeachas EUR 450 000 000 acu***, ar dhátaí a gcláir comhardaithe, le linn na bliana airgeadais, ar faisnéis í atá sa bhreis ar an bhfaisnéis a shonraítear sna caighdeáin le haghaidh úsáid dheonach dá dtagraítear in Airteagal 29ca, seachas faisnéis inbhuanaitheachta bhreise a chomhroinntear go coitianta idir gnóthais san earnáil lena mbaineann. Gnóthais a thuairiscíonn an fhaisnéis is gá maidir leis an slabhra luacha gan aon fhaisnéis a thuairisciú ó ghnóthais ina slabhra luacha nach bhfuil níos mó ná ***1 750*** fostaí ar an meán acu agus ***glanláimhdeachas EUR 450 000 000*** acu, ar dhátaí a gcláir comhardaithe, le linn na bliana airgeadais, ar faisnéis í atá sa bhreis ar an bhfaisnéis a shonraítear sna caighdeáin le haghaidh úsáid dheonach dá

gnóthais san earnáil lena mbaineann, measfar go gcomhlíonann na gnóthais sin an oibleagáid maidir le faisnéis slabhra luacha a thuairisciú a leagtar amach sa mhír seo.;	dtagraítear in Airteagal 29ca, cé is moite d'fhaisnéis inbhuanaitheachta bhreise a chomhroinntear go coitianta idir gnóthais san earnáil lena mbaineann, measfar go gcomhlíonann na gnóthais sin an oibleagáid maidir le faisnéis slabhra luacha a thuairisciú a leagtar amach sa mhír seo.';

Leasuithe 37 agus 256

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 – pointe b – pointe i a (nua)
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 3 – fomhír 2

An téacs atá ann	*Leasú*
	(i a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:
Maidir leis na chéad 3 bliana de chur i bhfeidhm na mbeart atá le glacadh ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Threoir (AE)2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (13)***, agus*** i gcás nach bhfuil an fhaisnéis uile is gá maidir lena shlabhra luacha ar fáil, míneoidh an gnóthas na hiarrachtaí a rinneadh chun an fhaisnéis is gá a fháil faoina shlabhra luacha, na cúiseanna nach bhféadfaí an fhaisnéis uile is gá a fháil, agus a phleananna chun an fhaisnéis is gá a fháil amach anseo.	***'I*** gcás nach bhfuil an fhaisnéis uile is gá maidir lena shlabhra luacha ar fáil, míneoidh an gnóthas na hiarrachtaí a rinneadh chun an fhaisnéis is gá a fháil faoina shlabhra luacha, na cúiseanna nach bhféadfaí an fhaisnéis uile is gá a fháil, agus a phleananna chun an fhaisnéis is gá a fháil amach anseo**;**
(13) Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, Treoir 2004/109/CE, Treoir	

2006/43/CE agus Treoir 2013/34/AE, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (IO L 322, 16.12.2022, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2464/oj).

Leasú 38

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 – pointe b – pointe ii
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 3 – fomhír 4 a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
‘Tá an chéad fhomhír gan dochar do cheanglais an Aontais maidir le gnóthais próiseas díchill chuí a sheoladh.’;	‘Tá an chéad fhomhír gan dochar ***d’iarrataí ar fhaisnéis a dhéantar chun críoch eile seachas faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú mar a cheanglaítear leis an Treoir seo, lena n-áirítear*** ceanglais an Aontais maidir le gnóthais próiseas díchill chuí a sheoladh.’;

Leasú 39

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 – pointe b a (nua)
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:
	‘4a. ‘Tá na hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar amach san Airteagal seo gan dochar do Threoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus

	ón gComhairle. Dá bhrí sin, ní cheanglófar ar ghnóthais faisnéis a nochtadh maidir le caipiteal intleachtúil, maoin intleachtúil ná saineolas, faisnéis ghnó nó faisnéis theicneolaíoch ar rúin trádála í mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2016/943.';

Leasú 40

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 – pointe c a (nua)
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 10

An téacs atá ann	*Leasú*
	(c a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:
'10. Beidh feidhm ag an díolúine a leagtar síos i mír 9 freisin maidir le heintitis leasa phoiblí atá faoi réir cheanglais an Airteagail seo***, cé is moite de ghnóthais mhóra ar eintitis leasa phoiblí iad a shainmhínítear i bpointe (a) de phointe (1) d'Airteagal 2 den Treoir seo.';***	'10. Beidh feidhm ag an díolúine a leagtar síos i mír 9 freisin maidir le heintitis leasa phoiblí atá faoi réir cheanglais an Airteagail seo***.';***

Leasuithe 134 agus 41

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) cuirtear isteach an tAirteagal 19b seo a leanas:	***scriosta***
[...]	

Leasuithe 234 agus 293

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 4 – pointe a
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Máthairghnóthais ar ghrúpa ***mór*** a bhfuil níos mó ná ***1 000*** fostaí ar an meán acu, ar dhátaí a gcláir comhardaithe, ar bhonn comhdhlúite, le linn na bliana airgeadais, áireoidh siad ina dtuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite an fhaisnéis is gá chun tionchair an ghrúpa ar ábhair inbhuanaitheachta a thuiscint, agus an fhaisnéis is gá chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a ndéanann ábhair inbhuanaitheachta difear d'fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghrúpa.';	'Máthairghnóthais ar ghrúpa ag a bhfuil níos mó ná ***1 750*** fostaí ar an meán ***agus glanláimhdeachas EUR 450 000 000***, ar dhátaí a gcláir comhardaithe, ar bhonn comhdhlúite, le linn na bliana airgeadais, áireoidh siad ina dtuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite an fhaisnéis is gá chun tionchair an ghrúpa ar ábhair inbhuanaitheachta a thuiscint, agus an fhaisnéis is gá chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a ndéanann ábhair inbhuanaitheachta difear d'fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghrúpa.';

Leasú 43

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 – pointe a a (nua)
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 1 – fomhír 1a agus 1b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(a a) i mír 1, cuirtear isteach na fomhíreanna seo a leanas:
	'Máthairghnóthais ar gnóthas sealbhaíochta airgeadais iad mar a shainmhínítear in Airteagal 2(15), beidh siad

	díolmhaithe ó na hoibleagáidí faoin Airteagal seo a chomhlíonadh.
	I gcás éadálacha fochuideachtaí le déanaí nach bhfuil faoi réir thuairisciú na faisnéise dá dtagraítear sa chéad fhomhír, beidh 24 mhí d'idirthréimhse ag an máthairghnóthas sula gceanglófar air faisnéis faoina fhochuideachta nua a chomhtháthú, laistigh dá thuarascáil inbhuanaitheachta chomhdhlúite.';

Leasuithe 235 agus 294

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 – pointe b – pointe i
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás inarb infheidhme, san fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, beidh faisnéis faoi oibríochtaí an ghrúpa féin agus faoina shlabhra luacha, lena n-áirítear a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair. Áiritheoidh na Ballstáit, chun faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú mar a cheanglaítear leis an Treoir seo, nach bhféachfaidh gnóthais le haon fhaisnéis a fháil ó ghnóthais ina slabhra luacha nach bhfuil níos mó ná ***1 000*** fostaí ar an meán acu, ar dhátaí a gcláir comhardaithe, le linn na bliana airgeadais, ar faisnéis í atá sa bhreis ar an bhfaisnéis a shonraítear sna caighdeáin le haghaidh úsáid dheonach dá dtagraítear in Airteagal 29ca,	'I gcás inarb infheidhme, san fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, beidh faisnéis faoi oibríochtaí an ghrúpa féin agus faoina shlabhra luacha, lena n-áirítear a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair. Áiritheoidh na Ballstáit, chun faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú mar a cheanglaítear leis an Treoir seo, nach bhféachfaidh gnóthais le haon fhaisnéis a fháil ó ghnóthais ina slabhra luacha nach bhfuil níos mó ná ***1 750*** fostaí ar an meán acu agus ***glanláimhdeachas EUR 450 000 000 acu***, ar dhátaí a gcláir comhardaithe, le linn na bliana airgeadais, ar faisnéis í atá sa bhreis ar an bhfaisnéis a shonraítear sna caighdeáin le

seachas faisnéis inbhuanaitheachta bhreise a chomhroinntear go coitianta idir gnóthais san earnáil lena mbaineann. Gnóthais a thuairiscíonn an fhaisnéis is gá maidir leis an slabhra luacha gan aon fhaisnéis a thuairisciú ó ghnóthais ina slabhra luacha nach bhfuil níos mó ná 1 000 fostaí ar an meán acu, ar dhátaí a gcláir comhardaithe, le linn na bliana airgeadais, ar faisnéis í atá sa bhreis ar an bhfaisnéis a shonraítear sna caighdeáin le haghaidh úsáid dheonach dá dtagraítear in Airteagal 29ca, cé is moite d'fhaisnéis inbhuanaitheachta bhreise a chomhroinntear go coitianta idir gnóthais san earnáil lena mbaineann, measfar go gcomhlíonann na gnóthais sin an oibleagáid maidir le faisnéis slabhra luacha a thuairisciú a leagtar amach sa mhír seo.;	haghaidh úsáid dheonach dá dtagraítear in Airteagal 29ca, seachas faisnéis inbhuanaitheachta bhreise a chomhroinntear go coitianta idir gnóthais san earnáil lena mbaineann. Gnóthais a thuairiscíonn an fhaisnéis is gá maidir leis an slabhra luacha gan aon fhaisnéis a thuairisciú ó ghnóthais ina slabhra luacha nach bhfuil níos mó ná ***1 750*** fostaí ar an meán acu agus ***glanláimhdeachas EUR 450 000 000*** acu, ar dhátaí a gcláir comhardaithe, le linn na bliana airgeadais, ar faisnéis í atá sa bhreis ar an bhfaisnéis a shonraítear sna caighdeáin le haghaidh úsáid dheonach dá dtagraítear in Airteagal 29ca, cé is moite d'fhaisnéis inbhuanaitheachta bhreise a chomhroinntear go coitianta idir gnóthais san earnáil lena mbaineann, measfar go gcomhlíonann na gnóthais sin an oibleagáid maidir le faisnéis slabhra luacha a thuairisciú a leagtar amach sa mhír seo.';

Leasú 45

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 – pointe b – pointe i a (nua)
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 3 – fomhír 2

An téacs atá ann	*Leasú*
	(i a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:
'***Maidir leis na chéad 3 bliana de chur i bhfeidhm na mbeart atá le glacadh ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 5(2)***	***'I*** gcás nach bhfuil an fhaisnéis uile is gá maidir lena slabhra luacha ar fáil, míneoidh an gnóthas na hiarrachtaí a rinneadh

de Threoir (AE) 2022/2464, agus i gcás nach bhfuil an fhaisnéis uile is gá maidir lena shlabhra luacha ar fáil, míneoidh an ***máthairghnóthas*** na hiarrachtaí a rinneadh chun an fhaisnéis is gá a fháil faoina shlabhra luacha, na cúiseanna nach bhféadfaí an fhaisnéis uile is gá a fháil, agus a phleananna chun an fhaisnéis is gá a fháil amach anseo.’;	chun an fhaisnéis is gá faoina slabhra luacha a fháil, na cúiseanna nach bhféadfaí an fhaisnéis uile is gá a fháil, agus a phleananna chun an fhaisnéis is gá a fháil amach anseo.’;

Leasú 46

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 – pointe b – pointe ii
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 3 – fomhír 4a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
‘Tá an chéad fhomhír gan dochar do cheanglais an Aontais maidir le gnóthais próiseas díchill chuí a sheoladh.’;	‘Tá an chéad fhomhír gan dochar ***d’iarrataí ar fhaisnéis a dhéantar chun críoch eile seachas faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú mar a cheanglaítear leis an Treoir seo, lena n-áirítear*** ceanglais an Aontais ar ghnóthais próiseas díchill chuí a sheoladh.’;

Leasú 47

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 – pointe b a (nua)
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 3 – fomhír 5a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

	‘5a. Tá na hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar amach san Airteagal seo gan dochar do Threoir (AE) 2016/943. Dá bhrí sin, ní cheanglófar ar ghnóthais faisnéis a nochtadh maidir le caipiteal intleachtúil, maoin intleachtúil ná saineolas, faisnéis ghnó nó faisnéis theicneolaíoch ar rúin trádála í mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2016/943.’;

Leasú 48

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 – pointe b b (nua)
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 8 – fomhír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(b b) i mír 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:
‘Ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach sa dara fomhír den mhír seo, déanfar máthairghnóthas ar foghnóthas é a dhíolmhú ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 5 den Airteagal seo (‘an máthairghnóthas díolmhaithe’) má áirítear an máthairghnóthas sin agus a fhoghnóthais i dtuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite ghnóthais eile, arna tarraingt suas i gcomhréir le hAirteagail 29 agus leis an Airteagal seo. Máthairghnóthas ar foghnóthas é de mháthairghnóthas atá bunaithe i dtríú tír, déanfar é a dhíolmhú freisin ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 5 den Airteagal seo i gcás ina n-áirítear máthairghnóthas den sórt sin	‘Ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach sa dara fomhír den mhír seo, déanfar máthairghnóthas ar foghnóthas é a dhíolmhú ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 5 den Airteagal seo (‘an máthairghnóthas díolmhaithe’) má áirítear an máthairghnóthas sin agus a fhoghnóthais i dtuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite ghnóthais eile, arna tarraingt suas i gcomhréir le hAirteagail 29 agus leis an Airteagal seo. Máthairghnóthas ar foghnóthas é de mháthairghnóthas atá bunaithe i dtríú tír, beidh sé díolmhaithe freisin ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 5 den Airteagal seo sna cásanna seo a

agus a fhoghnóthais i dtuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite an mháthairghnóthais sin atá bunaithe i dtríú tír agus i gcás ina ndéantar an tuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite sin i gcomhréir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta arna nglacadh de bhun Airteagal 29b nó ar bhealach atá coibhéiseach leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin, arna chinneadh i gcomhréir le gníomh cur chun feidhme maidir le coibhéis na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta arna nglacadh de bhun an tríú fomhír d”Airteagal 23(4) de Threoir 2004/109/CE.

leanas***:***

(i) ina n-áirítear an máthairghnóthas sin agus a fhoghnóthais i dtuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite an mháthairghnóthais sin atá bunaithe i dtríú tír agus i gcás ina ndéantar an tuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite sin i gcomhréir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta arna nglacadh de bhun Airteagal 29b nó ar bhealach atá coibhéiseach leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin, arna chinneadh i gcomhréir le gníomh cur chun feidhme maidir le coibhéis na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta arna nglacadh de bhun an tríú fomhír d’Airteagal 23(4) de Threoir 2004/109/CE;

(ii) is gnóthas sealbhaíochta airgeadais é an máthairghnóthas i gcomhréir le hAirteagal 2(15), nach bhfuil aon fhochuideachtaí aige san Aontas a bhfuil gnó oibriúcháin aige.’;

Leasú 49

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 – pointe b c (nua)
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 9

An téacs atá ann	*Leasú*
	(bc) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:
‘9. Beidh feidhm ag an díolúine a leagtar síos i mír 8 freisin maidir le heintitis leasa phoiblí atá faoi réir cheanglais an Airteagail seo, ***cé is moite de ghnóthais mhóra ar eintitis leasa phoiblí iad a shainmhínítear i bpointe (a) de phointe (1) d”Airteagal 2 den Treoir seo***.’***;***	‘9. Beidh feidhm ag an díolúine a leagtar síos i mír 8 freisin maidir le heintitis leasa phoiblí atá faoi réir cheanglais an Airteagail seo***.’;***

Leasuithe 50 agus 138

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29aa

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Cuirtear isteach an tAirteagal 29aa seo a leanas:	***scriosta***
[…]	

Leasú 51

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 6 – pointe -a
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29b – mír 1 – fomhír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(-a) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach tar éis an dara fomhír:
	'Forbróidh an Coimisiún, i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha, treoirlínte earnáilsonracha deonacha chun cúnamh a thabhairt do ghnóthais san earnáil chéanna a measúnú ábharthachta a dhéanamh. Leis na treoirlínte sin, soláthrófar tacaíocht shaincheaptha chun tionchair, rioscaí agus deiseanna inbhuanaitheachta atá ábhartha don earnáil a shainaithint agus a nochtadh, lena n-áiritheofar comhsheasmhacht agus inchomparáideacht ar fud cuideachtaí atá ag feidhmiú san earnáil chéanna.';

Leasú 52

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 6 – pointe a
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29b – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) i mír 1, scriostar an tríú ***agus*** an ceathrú fomhír;	(a) i mír 1, scriostar an tríú***,*** an ceathrú ***agus an séú*** fomhír;

Leasú 53

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6 – pointe a a (nua)
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29b – mír 2 – fomhír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(aa) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:
Áiritheofar leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta cáilíocht na faisnéise tuairiscithe, trína cheangal go bhfuil sí intuigthe, ábhartha, infhíoraithe, inchomparáide agus go léirítear í ar bhealach dílis. Seachnófar leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta ualach riaracháin díréireach a fhorchur ar ghnóthais, ***lena n-áirítear trí obair na*** dtionscnamh domhanda maidir le socrú caighdeán le haghaidh tuairisciú inbhuanaitheachta ***a chur san áireamh***, a mhéid is féidir, mar a cheanglaítear le pointe (a) de mhír 5.	‘Áiritheofar leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta cáilíocht na faisnéise tuairiscithe, trína cheangal go bhfuil sí ***simplí, inrochtana, cuíchóirithe,*** intuigthe, ***comhréireach***, ábhartha, infhíoraithe***,*** inchomparáide agus go léirítear í ar bhealach dílis. Maidir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta***:***
	(a) beidh siad de chineál cainníochtúil a mhéid is féidir;
	(b) déanfar leo tuairisciú dúbailte agus aon fhorluí le hoibleagáidí a eascraíonn as ionstraimí reachtacha eile a sheachaint;
	(c) ní chuirfidh siad ualach díréireach riaracháin ***agus airgeadais*** ar ghnóthais***; agus***
	(d) idir-inoibritheacht ***a áirithiú a mhéid is féidir le caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta arna leagan síos ag*** tionscnaimh dhomhanda maidir le caighdeáin a leagan síos le haghaidh tuairisciú inbhuanaitheachta mar a cheanglaítear le pointe (a) de mhír 5.’***;***
Leasuithe 236, 295 agus 296	

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6 – pointe b
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29b – mír 4 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
‘Ní shonrófar leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta nochtaí lena gceanglófaí ar ghnóthais aon fhaisnéis a fháil ó ghnóthais ina slabhra luacha nach bhfuil níos mó ná ***1 000*** fostaí ar an meán acu ar dhátaí a gcláir comhardaithe, le linn na bliana airgeadais, ar faisnéis í atá sa bhreis ar an bhfaisnéis atá le nochtadh de bhun na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh úsáid dheonach dá dtagraítear in Airteagal 29ca.’;	***‘Cuirfear san áireamh sna caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta na deacrachtaí, lena n-áirítear teorainneacha dlíthiúla a eascraíonn as an Treoir seo, a d’fhéadfadh a bheith ag gnóthais maidir le faisnéis a bhailiú ó ghníomhaithe ar fud a slabhra luacha, go háirithe uathu siúd nach bhfuil faoi réir na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta a leagtar síos in Airteagal 19a nó 29a agus ó sholáthróirí i margaí agus geilleagair i mbéal forbartha. Sonrófar sna caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta nochtaí maidir le slabhraí luacha atá comhréireach agus ábhartha do chumais agus saintréithe na ngnóthas sna slabhraí luacha, agus do scála agus castacht a ngníomhaíochtaí, go háirithe na cinn sin de na gnóthais sin nach bhfuil faoi réir na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta a leagtar síos in Airteagal 19a nó 29a.*** Le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta, ní shonrófar nochtaí lena gceanglófaí ar ghnóthais aon fhaisnéis a fháil ó ghnóthais ina slabhra luacha nach sáraíonn, ar dhátaí a gcláir chomhardaithe, an meánlíon ***1 750*** fostaí ***agus glanláimhdeachas EUR 450 000 000*** le linn na bliana airgeadais, ar faisnéis í a sháraíonn an fhaisnéis atá le

nochtadh de bhun na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh úsáid dheonach dá dtagraítear in Airteagal 29ca.’;

Leasú 55

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29ca – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Chun tuairisciú deonach faisnéise inbhuanaitheachta arna dhéanamh ag gnóthais seachas na gnóthais sin dá dtagraítear in Airteagail 19a(1) agus 29a(1) a éascú, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe faoin [4 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] i gcomhréir le hAirteagal 49 lena bhforlíontar an Treoir seo chun foráil a dhéanamh maidir le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta le húsáid go deonach ag na gnóthais sin.	1. Chun tuairisciú deonach ar fhaisnéis inbhuanaitheachta ag gnóthais seachas na gnóthais sin dá dtagraítear in Airteagail 19a(1) agus 29a(1) ***a éascú agus chun teorainn a chur leis an bhfaisnéis is féidir a iarraidh ar na gnóthais sin chun críocha na Treorach seo,*** glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe faoin [4 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] i gcomhréir le hAirteagal 49 lena bhforlíontar an Treoir seo chun foráil a dhéanamh maidir le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh úsáid dheonach ag na gnóthais sin.

Leasú 56

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29ca – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Ba cheart na caighdeáin	2. Ba cheart na caighdeáin

tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear i mír 1 a bheith i gcomhréir le hacmhainneachtaí agus saintréithe na ngnóthas sin ar lena n-aghaidh atá siad deartha, agus a bheith ábhartha maidir leo, agus ba cheart iad a bheith i gcomhréir le scála agus castacht a ngníomhaíochtaí. Sonrófar iontu freisin, a mhéid is féidir, an struchtúr atá le húsáid chun an fhaisnéis inbhuanaitheachta sin a chur i láthair.***;***	tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear i mír 1 a bheith ***bunaithe ar Mholadh 2025/4984 ón gCoimisiún agus*** beidh siad comhréireach le ***méid na ngnóthas, agus ba*** cheart iad a bheith ábhartha maidir le hacmhainneachtaí agus saintréithe na ngnóthas dá ndeartar iad agus maidir le scála agus castacht a ngníomhaíochtaí. Sonrófar iontu freisin, a mhéid is féidir, an struchtúr atá le húsáid chun an fhaisnéis inbhuanaitheachta sin a chur i láthair. ***Féadfaidh gnóthais laistigh den slabhra luacha teimpléad a roghnú chun faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú, ionas nach mbeidh ceangal ar ghnóthais a iarrann faisnéis measúnú ná mapáil a dhéanamh ar chatagóirí méide na n-eintiteas uile ina slabhra luacha.***

Leasú 57

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29ca – mír 3 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3. Déanfaidh an Coimisiún, gach 4 bliana ar a laghad tar éis dháta a chur i bhfeidhm, athbhreithniú ar an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 1 agus, i gcás inar gá, leasóidh sé é chun forbairtí atá ábhartha don tuairisciú inbhuanaitheachta a chur san áireamh.

Leasú 58

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29ca – mír 4 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4. Agus gníomhartha tarmligthe á leasú de bhun mhír 3, cuirfidh an Coimisiún comhairle theicniúil ó EFRAG san áireamh.';

Leasú 59

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 10
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 33 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
De mhaolú ar fhomhír 1, ***áiritheoidh*** na Ballstáit nach mbeidh freagracht chomhchoiteann ar chomhaltaí comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta a bhaineann le gnóthais, ag gníomhú dóibh laistigh de na hinniúlachtaí a shanntar dóibh leis an dlí náisiúnta, as a áirithiú go ndéanfar an tuarascáil bhainistíochta, nó an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite, i gcás inarb infheidhme, a ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 29d.';	De mhaolú ar fhomhír 1, ***féadfaidh*** na Ballstáit a fhoráil nach mbeidh freagracht chomhchoiteann ar chomhaltaí comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta a bhaineann le gnóthais, ag gníomhú dóibh laistigh de na hinniúlachtaí a shanntar dóibh leis an dlí náisiúnta, as a áirithiú go ndéanfar an tuarascáil bhainistíochta, nó an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite, i gcás inarb infheidhme, a ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 29d.';

Leasuithe 237 agus 297

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 11 – pointe b
Treoir 2013/34/AE

Airteagal 34 – mír 2a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2a. Áiritheoidh na Ballstáit, maidir leis an tuairim dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, pointe (aa), go n-ullmhaítear í agus urraim iomlán á tabhairt don oibleagáid ar ghnóthais gan féachaint le haon fhaisnéis a fháil ó ghnóthais ina slabhra luacha nach bhfuil níos mó ná ***1 000*** fostaí ar an meán acu ar dhátaí a gcláir comhardaithe le linn na bliana airgeadais, ar faisnéis í atá sa bhreis ar an bhfaisnéis a shonraítear sna caighdeáin le haghaidh úsáid dheonach dá dtagraítear in Airteagal 29ca, seachas faisnéis inbhuanaitheachta bhreise a chomhroinntear go coitianta idir gnóthais san earnáil lena mbaineann.’;	2a. Áiritheoidh na Ballstáit go n-ullmhófar an tuairim dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, pointe (aa), agus lánurraim á tabhairt don oibleagáid atá ar ghnóthais gan féachaint le haon fhaisnéis a fháil ó ghnóthais ina slabhra luacha ag a bhfuil, ar an meán, ar dhátaí a gcláir chomhardaithe, níos mó ná ***1 750*** fostaí agus ***glanláimhdeachas EUR 450 000 000*** le linn na bliana airgeadais, ar faisnéis í a sháraíonn an fhaisnéis a shonraítear sna caighdeáin maidir le húsáid dheonach dá dtagraítear in Airteagal 29ca, cé is moite d’fhaisnéis bhreise inbhuanaitheachta a chomhroinntear go coitianta idir gnóthais san earnáil lena mbaineann***.’***;

Leasú 61

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 11 – pointe b a (nua)
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 34 – mír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:
	‘2b. Áiritheoidh na Ballstáit go n-ullmhófar an tuairim dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, pointe (aa), agus lánurraim á tabhairt don fhéidearthacht atá ag gnóthais

	sa slabhra luacha gan faisnéis a sholáthar i gcásanna eisceachtúla ina bhféadfaí smachtbhannaí a fhorchur ar ghnóthas arna bhunú faoi reachtaíocht tríú tír mar gheall ar reachtaíocht tríú tír díreach trí shonraí inbhuanaitheachta a tharchur.’;

Leasú 62

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 12 – pointe -a (nua)
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 40a – mír 1 – fomhír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(- a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:
‘Ceanglóidh Ballstát ar fhoghnóthas atá bunaithe ina chríoch agus a bhfuil a mháthairghnóthas deiridh á rialú ag dlí tríú tír tuarascáil inbhuanaitheachta a fhoilsiú agus a chur ar fáil lena gcumhdaítear an fhaisnéis a shonraítear i bpointí (a)(iii) go (a)(vi), pointí (b) go (f) agus, i gcás inarb iomchuí, pointe (h) d”Airteagal 29a(2) ar leibhéal grúpa an mháthairghnóthais tríú tír deiridh sin.’;	‘Ceanglóidh Ballstát ar fhoghnóthas atá bunaithe ina chríoch agus a bhfuil a mháthairghnóthas deiridh á rialú ag dlí tríú tír tuarascáil inbhuanaitheachta a fhoilsiú agus a chur ar fáil lena gcumhdaítear an fhaisnéis a shonraítear i bpointí (a)(iii) go (a)(vi), pointí (b) go (f) agus, i gcás inarb iomchuí, pointe (h) d’Airteagal 29a(2), ***agus i gcomhréir le hAirteagal 29a(3),*** ar leibhéal grúpa an mháthairghnóthais tríú tír deiridh sin.’;

Leasú 63

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 12 – pointe a
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 40a – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
‘Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír ach amháin maidir le foghnóthais ar ghnóthais ***mhóra*** iad, ***mar a shainmhínítear in Airteagal 3(4) den Treoir seo***.’;	‘Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír ach amháin maidir le foghnóthais ***a sháraíonn, ar dhátaí a gcláir chomhardaithe, glanláimhdeachas EUR 450 000 000 sa bhliain airgeadais roimhe sin***.’;

Leasú 64

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 12 – pointe b
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 40a – mír 1 – fomhír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú ***agus an chúigiú fomhír***:	(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:
‘Ní bheidh feidhm ag an riail dá dtagraítear sa tríú fomhír ach amháin maidir le brainse i gcás nach bhfuil foghnóthas dá dtagraítear sa chéad fhomhír ag an ngnóthas tríú tír, agus i gcás inar ghin an brainse glanláimhdeachas de bhreis ar ***an tairseach dá dtagraítear in Airteagal 3(4) pointe (b) den Treoir seo*** sa bhliain airgeadais roimhe sin.	‘Ní bheidh feidhm ag an riail dá dtagraítear sa tríú fomhír ach amháin maidir le brainse nach bhfuil foghnóthas dá dtagraítear sa chéad fhomhír ag an ngnóthas tríú tír, agus i gcás inar ghin an brainse glanláimhdeachas níos mó ná ***EUR 450 000 000*** sa bhliain airgeadais roimhe sin.

Leasuithe 65 agus 336

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 12 – pointe b a (nua)
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 40a – mír 1 – fomhír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) scriostar an cúigiú fomhír;
Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír ná ag an tríú fomhír maidir leis na foghnóthais nó na brainsí dá dtagraítear sna fomhíreanna sin ach amháin i gcás inar ghin an gnóthas tríú tír, ar a leibhéal grúpa, nó, murab infheidhme, ar an leibhéal aonair, glanláimhdeachas de níos mó ná EUR 450 000 000 san Aontas le haghaidh gach ceann den 2 bhliain airgeadais dheireanacha as a chéile.’;	

Leasú 66

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13 – pointe -a (nua)
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 49 – mír 2 – an chéad abairt

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(-a) sa chéad abairt de mhír 2, scriostar an tagairt d’Airteagal 29c;

Leasú 67

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13 – pointe -a a (nua)
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 49 – mír 3 – an chéad abairt

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(-aa) sa chéad abairt de mhír 3, scriostar an tagairt

d'Airteagal 29c;

Leasú 68

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13 – pointe -a b (nua)
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 49 – mír 3b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(-ab) leasaítear mír 3b mar a leanas:
	(i) sa chéad fhomhír, an fhoclaíocht tosaigh, scriostar an tagairt d'Airteagal 29c;
	(ii) sa cheathrú fomhír, scriostar an tagairt d'Airteagal 29c;
	(iii) sa séú fomhír, scriostar an tagairt d'Airteagal 29c;

Leasú 69

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13 – pointe a – an chuid réamhráiteach
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 49 – mír 3c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) cuirtear isteach na míreanna 3c ***go 3e*** seo a leanas:	(a) cuirtear isteach na míreanna 3c ***agus 3d*** seo a leanas:

Leasú 70

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 13 – pointe a
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 49 – mír 3c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
‘3c. An chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagail 19b(5), 29aa(5) agus*** 29ca, tabharfar don Choimisiún í go ceann tréimhse neamhchinntithe ón [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach leasúcháin] ar aghaidh.	‘3c. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagal*** 29ca a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó [dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí].

Leasú 71

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 13 – pointe a
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 49 – mír 3d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3d. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in ***Airteagail 19b(5), 29aa(5) agus*** 29ca a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.	3d. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in ***Airteagal*** 29ca a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

Leasú 72

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 13 – pointe a

Treoir 2013/34/AE
Airteagal 49 – mír 3e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3e. Baileoidh an Coimisiún an saineolas uile is gá, roimh ghlacadh agus le linn fhorbairt na ngníomhartha tarmligthe de bhun Airteagail 19b(5) agus 29aa(5), lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh trí chomhairliúchán le saineolaithe Ghrúpa Saineolaithe na mBallstát maidir le Maoiniú Inbhuanaithe dá dtagraítear in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2020/852.';	***scriosta***

Leasú 73

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13 – pointe b
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 49 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
'5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 1(2), Airteagal 3(13), ***Airteagal 19b, Airteagal 29aa***, Airteagail 29b, 29ca nó 40b, nó Airteagal 46(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur	'5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 1(2), Airteagal 3(13), Airteagail 29b, 29ca nó 40b, nó Airteagal 46(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach

in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.’.	ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.’.

Leasuithe 238 agus 298

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 – pointe b – pointe i
Treoir (AE) 2022/2464
Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b – pointe (i)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) maidir le gnóthais ***mhóra*** ag a bhfuil níos mó ná ***1 000*** fostaí ar an meán ar dhátaí a gcláir comhardaithe le linn na bliana airgeadais;;	(i) maidir le gnóthais a sháraíonn, ar dhátaí a gcláir chomhardaithe, an meánlíon ***1 750*** fostaí ***agus glanláimhdeachas EUR 450 000 000*** le linn na bliana airgeadais;’;

Leasuithe 239 agus 299

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 – pointe b – pointe ii
Treoir (AE) 2022/2464
Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b – pointe (ii)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) maidir le máthairghnóthais ar ghrúpa mór ag a bhfuil níos mó ná 1 000 fostaí ar an meán, ar bhonn comhdhlúite, ar dhátaí a gcláir comhardaithe, le linn na bliana airgeadais;’;	(ii) maidir le máthairghnóthais grúpa a sháraíonn, ar dhátaí a gcláir chomhardaithe, an meánlíon ***1 750*** fostaí ***agus glanláimhdeachas EUR 450 000 000***, ar bhonn comhdhlúite, le linn na bliana airgeadais;’;

Leasuithe 240 agus 300

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2 – pointe b – pointe i
Treoir (AE) 2022/2464
Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 3 – pointe b – pointe (i)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) maidir le heisitheoirí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (d) de Threoir 2004/109/CE, ar gnóthais ***mhóra*** iad ***de réir bhrí Airteagal 3(4) de Threoir 2013/34/AE*** ag a bhfuil níos mó ná ***1 000*** fostaí ar an meán ar dhátaí a gcláir comhardaithe le linn na bliana airgeadais;’;	(i) maidir le heisitheoirí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (d) de Threoir 2004/109/CE ar gnóthais iad a sháraíonn, ar dhátaí a gcláir chomhardaithe, an meánlíon ***1 750*** fostaí agus ***glanláimhdeachas EUR 450 000 000*** le linn na bliana airgeadais;’;

Leasuithe 241 agus 301

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b – pointe ii
Treoir (AE) 2022/2464
Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 3 – pointe b – pointe (ii)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) maidir le heisitheoirí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (d) de Threoir 2004/109/CE, ar máthairghnóthais ar ghrúpa ***mór*** iad ag a bhfuil níos mó ná ***1 000*** fostaí ar an meán, ar bhonn comhdhlúite, ar dhátaí a chláir comhardaithe, le linn na bliana airgeadais;’;	(ii) maidir le heisitheoirí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (d) de Threoir 2004/109/CE ar máthairghnóthais grúpa iad a sháraíonn, ar dhátaí a chláir chomhardaithe, an meánlíon ***1 750*** fostaí ***agus glanláimhdeachas EUR 450 000 000***, ar bhonn comhdhlúite, le linn na bliana airgeadais;’;

Leasuithe 397 agus 302

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 1 – an chuid réamhráiteach
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 1 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) in Airteagal 1(1), ***cuirtear an méid seo a leanas in ionad*** phointe (c):	(1) in Airteagal 1(1), ***scriostar*** pointe (c).

Leasú 304

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 1 a (nua)
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1 a) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:
	(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):
	‘(a) bhí níos mó ná 5 000 fostaí ag an gcuideachta ar an meán agus bhí glanláimhdeachas domhanda de níos mó ná EUR 1.5 billiún aici sa bhliain airgeadais dheireanach dár glacadh nó dár cheart ráitis airgeadais bhliantúla a bheith glactha’;
	(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):
	‘(a) ghin an chuideachta glanláimhdeachas níos mó ná EUR 1.5 billiún san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach;’
	(c) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:
	‘3. I gcás ina bhfuil sealbhú

scaireanna i bhfochuideachtaí oibríochtúla mar phríomhghníomhaíocht ag an máthairchuideachta deiridh agus nach ndéanann sí cinntí bainistíochta, oibríochtúla nó airgeadais a dhéanann difear don ghrúpa nó do cheann amháin nó níos mó dá fhochuideachtaí, féadfar í a dhíolmhú ó na hoibleagáidí faoin Treoir seo a chomhlíonadh. Tá an díolúine sin faoi réir an choinníll go n-ainmnítear ceann d'fhochuideachtaí na máthairchuideachta deiridh atá bunaithe san Aontas chun na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 6 go 16 a chomhlíonadh thar ceann na máthairchuideachta deiridh, lena n-áirítear oibleagáidí na máthairchuideachta deiridh i ndáil le gníomhaíochtaí a fochuideachtaí. I gcás den sórt sin, tugtar na modhanna agus an t-údarás dlíthiúil uile is gá don fhochuideachta ainmnithe chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach, go háirithe chun a áirithiú go bhfaighidh an fhochuideachta ainmnithe an fhaisnéis agus na doiciméid ábhartha ó chuideachtaí an ghrúpa chun oibleagáidí na máthairchuideachta deiridh faoin Treoir seo a chomhlíonadh.';

Leasú 81

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 2 – an chuid réamhráiteach

Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 3 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) ***in*** Airteagal 3(1), ***cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (n)***:	(2) ***Leasaítear*** Airteagal 3(1) ***mar a leanas***:

Leasú 83

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 2 – pointe b (nua)
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 3 – mír 1 – pointe w (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b) cuirtear an pointe seo a leanas leis:
	‘(w) ciallaíonn ‘faisnéis atá ar fáil go réasúnach’ faisnéis is féidir leis an gcuideachta a fháil óna foinsí féin, ó fhoinsí atá ann cheana nó ó fhoinsí tánaisteacha gan teagmháil a dhéanamh le comhpháirtí gnó.’;

Leasú 84

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 3 – an chuid réamhráiteach
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) ***Cuirtear an méid seo a leanas in*** ionad Airteagal 4:	(3) ***Leasaítear*** Airteagal 4 ***mar a leanas***:

Leasú 85

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 3 – pointe a (nua)
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 4 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
1. Gan dochar d'Airteagal 1(2) agus (3), ní thabharfaidh na Ballstáit isteach, ina ndlí náisiúnta, forálacha faoin réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo, ***lena leagtar síos oibleagáidí díchill chuí maidir le cearta an duine agus maidir leis an gcomhshaol***, ar forálacha iad nach bhfuil i gcomhréir leo siúd a leagtar síos in Airteagail 6 ***agus 8, Airteagal 10(1) go (5), Airteagal 11(1) go (6) agus Airteagal 14***.	Gan dochar d'Airteagal 1(2) agus (3), ní dhéanfaidh na Ballstáit forálacha laistigh den réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo nach bhfuil i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos in Airteagail 6 ***go 16*** a thabhairt isteach ina ndlí náisiúnta.

Leasú 86

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 3 – pointe b (nua)
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 4 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b) scriostar mír 2;
2. D'ainneoin mhír 1, ní chuirfidh an Treoir seo bac ar na Ballstáit forálacha níos déine a thabhairt isteach, ina ndlí náisiúnta, atá éagsúil leis na forálacha sin a leagtar síos i bhforálacha seachas Airteagail 6 agus 8, Airteagal 10(1) go (5), Airteagal 11(1) go (6) agus Airteagal 14, nó forálacha atá níos sonraí i	

dtéarmaí an chuspóra nó an réimse a chumhdaítear, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh trí tháirgí, seirbhísí nó cásanna sonracha a rialáil, chun leibhéal éagsúil cosanta a bhaint amach i ndáil le cearta an duine, cearta fostaíochta agus cearta sóisialta, an comhshaol nó an aeráid.;

Leasú 305

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 3 a (nua)
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 6 - mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3 a) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:
	(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:
	'1. Áiritheoidh na Ballstáit go gceadófar do mháthairchuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 7 go 11 a chomhlíonadh thar ceann cuideachtaí ar fochuideachtaí de na máthairchuideachtaí sin iad agus a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, má áirithítear comhlíonadh éifeachtach leis sin. Tá an méid sin gan dochar do na fochuideachtaí sin a bheith faoi réir fheidhmiú chumhachtaí an údaráis maoirseachta i gcomhréir le hAirteagal 25 agus dá ndliteanas sibhialta i

gcomhréir le hAirteagal 29.';

(b) scriostar mír 3;

(c) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'3a. Nuair a fhaigheann cuideachta a chumhdaítear leis an Treoir seo cuideachta nach raibh faoi raon feidhme na Treorach seo, tá 2 bhliain ag an gcuideachta éadála chun próisis na cuideachta ceannaithe a chomhtháthú ina beartas díchill chuí féin.';

Leasú 88

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 4 – pointe a
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 8 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ***i*** mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ***phointe (b)***:	(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:
	'2. Mar chuid den oibleagáid a leagtar amach i mír 1, agus cur chuige rioscabhunaithe a ghlacadh lena gcuirtear san áireamh fachtóirí riosca ábhartha, lena n-áirítear fachtóirí riosca geografacha agus comhthéacsúla, amhail leibhéal fhorfheidhmiú an dlí; fachtóirí riosca earnála, táirge nó seirbhíse, chomh maith le fachtóirí riosca oibríochta gnó nó comhpháirtithe gnó, amhail cé acu atá nó nach bhfuil an comhpháirtí gnó ina chuideachta a chumhdaítear leis an Treoir seo, déanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí

	chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
	(a) scóipiú a dhéanamh, bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil go réasúnta, chun réimsí ginearálta a shainaithint ar fud a n-oibríochtaí féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina mbaineann siad lena slabhraí gníomhaíochtaí, oibríochtaí a gcomhpháirtithe gnó inar dóchúla drochthionchair a bheith ann agus a bheith ar na drochthionchair is déine;
(b) bunaithe ar thorthaí na ***mapála*** dá dtagraítear i bpointe (a), measúnú ***cuimsitheach*** a dhéanamh ***ar a n-oibríochtaí féin, ar oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina mbaineann siad lena slabhraí gníomhaíochtaí, ar oibríochtaí a gcomhpháirtithe gnó díreacha***, sna réimsí a sainaithníodh mar na réimsí inar dóchúla go mbeadh drochthionchair agus ina mbeadh na drochthionchair is déine.;	(b) bunaithe ar thorthaí an scóipithe dá dtagraítear i bpointe (a), ***agus i gcás, ar bhonn faisnéis ábhartha infhíoraithe, ina bhfuil forais ag an gcuideachta lena chreidiúint gur tháinig drochthionchair chun cinn nó go bhféadfadh drochthionchair teacht chun cinn,*** ní dhéanfaidh sí measúnú breise ach amháin sna réimsí inar sainaithníodh gur dóchúla drochthionchair a bheith ann agus gurb iad is déine. ***Ní cheanglófar ar chuideachtaí aon fhaisnéis a iarraidh ar chomhpháirtithe gnó, i gcás nár sainaithníodh aon rioscaí dóchúla agus tromchúiseacha. Beidh cuideachtaí in ann tosaíocht a thabhairt do mheasúnú a dhéanamh ar chomhpháirtithe gnó díreacha, i gcomhréir le déine agus dóchúlacht na ndrochthionchar.’***;

Leasú 89

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 4 – pointe b
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 8 – mír 2a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) cuirtear isteach an mhír 2a seo a leanas:	***scriosta***
2a. I gcás ina bhfuil faisnéis inchreidte ag cuideachta lena dtugtar le fios go bhfuil drochthionchair tagtha chun cinn ar leibhéal oibríochtaí comhpháirtí gnó indírigh nó go bhféadfadh na drochthionchair sin teacht chun cinn, déanfaidh sí measúnú cuimsitheach. Déanfaidh an chuideachta measúnú den sórt sin i gcónaí i gcás ina bhfuil cineál indíreach, seachas díreach, an chaidrimh leis an gcomhpháirtí gnó ann mar thoradh ar shocrú saorga nach bhfuil ag teacht leis an réaltacht eacnamaíoch ach a thugann le fios go bhfuiltear ag teacht timpeall ar mhír 2, pointe (b). I gcás ina ndeimhnítear leis an measúnú gur ann don drochthionchar, nó gur dócha gur ann dó, ba cheart a mheas gur sainaithníodh é.	
Tá an chéad fhomhír gan dochar don chuideachta breithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá ar fáil faoi chomhpháirtithe gnó indíreacha, agus ar cé acu is féidir nó nach féidir leis na comhpháirtithe gnó sin na rialacha agus na prionsabail a leagtar amach i gcód iompair na cuideachta a leanúint agus comhpháirtí gnó díreach á	

roghnú.

D'ainneoin na chéad fhomhíre, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil faisnéis inchreidte ar fáil faoi chomhpháirtithe gnó indíreacha, lorgóidh cuideachta dearbhuithe conarthacha ó chomhpháirtí gnó díreach go n-áiritheoidh an comhpháirtí gnó sin go gcomhlíonfar cód iompair na cuideachta trí dhearbhuithe conarthacha comhfhreagracha óna chomhpháirtithe gnó a leagan síos. Beidh feidhm ag Airteagal 10(2), pointí (b) agus (e) dá réir sin.';

Leasú 90

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 4 – pointe b a (nua)
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 8 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:
3. Áiritheoidh na Ballstáit, chun ***na drochthionchair*** dá ***dtagraítear*** i mír ***1 a shainaithint agus*** a ***mheasúnú***, ***go mbeidh*** cuideachtaí ***i dteideal úsáid*** a ***bhaint, bunaithe i gcás inarb iomchuí ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil, as acmhainní iomchuí, lena n-áirítear tuarascálacha neamhspleácha agus faisnéis a bhailítear tríd an sásra fógra agus an nós imeachta gearán dá bhforáiltear in Airteagal 14***.	'3. Áiritheoidh na Ballstáit, chun ***críocha an scóipithe*** dá ***bhforáiltear*** i mír ***2, pointe (***a***)***, ***nach bhféachfaidh*** cuideachtaí ***leis an bhfaisnéis*** a ***fháil óna gcomhpháirtithe gnó ach go mbraithfidh siad go hiomlán ar fhaisnéis atá ar fáil go réasúnta cheana féin, lena n-áirítear fachtóirí riosca***.***';***

Leasú 91

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 4 – pointe c
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 8 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
‘4. ***I gcás inar féidir*** an ***fhaisnéis is gá don mheasúnú cuimsitheach*** dá bhforáiltear i mír 2, pointe (b), ***agus i mír 2a*** a fháil ó chomhpháirtithe gnó ***éagsúla, tabharfaidh*** an ***chuideachta tosaíocht don fhaisnéis sin a iarraidh***, i gcás inar réasúnta, go díreach ón gcomhpháirtí gnó nó ó na comhpháirtithe gnó inar dóchúla drochthionchair a bheith ann.’;	‘4. ***Áiritheoidh na Ballstáit, chun críoch*** an ***mheasúnaithe bhreise*** dá bhforáiltear i mír 2, pointe (b), ***den Airteagal seo, nach bhféachfaidh cuideachtaí le faisnéis*** a fháil ó chomhpháirtithe gnó***, ach amháin más gá sin. I gcás ina bhfuil níos lú ná 5 000 fostaí ag an gcomhpháirtí gnó, ní fhéadfaidh cuideachtaí an fhaisnéis sin a lorg ach amháin mar rogha dheiridh, agus mura féidir í a fháil go réasúnta ar bhealaí eile, go háirithe ó fhoinsí atá ann cheana nó ó fhoinsí tánaisteacha. In aon chás, beidh aon iarraidh spriocdhírithe, réasúnach agus comhréireach.*** ***I gcás inar féidir an fhaisnéis is gá don mheasúnú breise dá bhforáiltear i mír 2, pointe (b), a fháil ó chomhpháirtithe gnó éagsúla, féachfaidh an chuideachta leis an bhfaisnéis sin a fháil***, i gcás inar réasúnta, go díreach ón gcomhpháirtí gnó nó ó na comhpháirtithe gnó inar dóchúla drochthionchair a bheith ann. ***Féadfar faisnéis a lorg ina haonar nó i gcomhar le daoine eile.***’;

Leasú 92

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 4 – pointe d
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 8 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
‘5. Áiritheoidh na Ballstáit, ***maidir leis an mapáil*** dá ***bhforáiltear*** i mír ***2, pointe (***a***)***, ***nach bhféachfaidh cuideachtaí le faisnéis a fháil ó chomhpháirtithe gnó díreacha ag*** a ***bhfuil níos lú ná 500 fostaí***, ***ar faisnéis í atá sa bhreis ar an bhfaisnéis*** a ***shonraítear sna caighdeáin le haghaidh úsáid dheonach dá dtagraítear in Airteagal 29ca de Threoir 2013/34/AE****.’;*	‘5. Áiritheoidh na Ballstáit, ***chun na drochthionchair*** dá ***dtagraítear*** i mír ***1 a shainaithint agus*** a ***mheasúnú bunaithe***, ***i gcás inarb iomchuí, ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil, go mbeidh cuideachtaí i dteideal úsáid*** a ***bhaint as acmhainní iomchuí, lena n-áirítear tuarascálacha neamhspleácha***, ***réitigh dhigiteacha, tionscnaimh earnála agus tionscnaimh il-gheallsealbhóirí, comhoibriú agus faisnéis*** a ***bhailítear tríd an sásra fógra agus an nós imeachta gearán dá bhforáiltear in Airteagal 14***.
De mhaolú ar an ***gcéad fhomhír, i gcás ina bhfuil gá le faisnéis bhreise don mhapáil dá bhforáiltear i mír 2, pointe (***a***)***, ***i bhfianaise na cosúlachta*** go ***bhfuil dhrochthionchair dhóchúla ann nó toisc nach gcumhdaítear tionchair ábhartha leis na caighdeáin***, ***agus i gcás*** nach féidir an fhaisnéis ***bhreise*** sin a fháil ***go réasúnach trí mhodhanna eile***, ***féadfaidh an chuideachta an fhaisnéis sin*** a ***lorg ón gcomhpháirtí gnó sin***.’;	***I gcás nach bhfuil*** an ***fhaisnéis uile is gá ag cuideachtaí maidir lena slabhraí gníomhaíochtaí, d’ainneoin bearta iomchuí a bheith déanta acu chun drochthionchair*** a ***shainaithint***, ***beidh siad in ann a mhíniú*** go ***réasúnta cén fáth*** nach féidir an fhaisnéis sin a fháil***. Más rud é***, ***mar thoradh air sin, nach bhféadfaidís bearta iomchuí a dhéanamh chun an drochthionchar a chosc, a mhaolú***, ***deireadh a chur leis nó é*** a ***íoslaghdú, ní ghearrfar pionós orthu***.’;

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 4 a (nua)
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 9

An téacs reatha	*Leasú*
	(4a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:
Airteagal 9	Airteagal 9
Tosaíocht a thabhairt do dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha a sainaithníodh	Tosaíocht a thabhairt do dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha a sainaithníodh
1. I gcás nach bhfuil sé indéanta na drochthionchair uile arna sainaithint a chosc, a mhaolú, deireadh a chur leo nó iad a íoslaghdú ***go hiomlán ag an am céanna***, áiritheoidh na Ballstáit go ***dtabharfaidh*** cuideachtaí tosaíocht do na drochthionchair ***arna sainaithint de bhun Airteagal 8*** chun na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 10 nó 11 a chomhlíonadh.	1. I gcás nach bhfuil sé indéanta ***do chuideachtaí*** na drochthionchair uile arna sainaithint ***de bhun Airteagal 8*** a chosc, a mhaolú, deireadh a chur leo nó iad a íoslaghdú, áiritheoidh na Ballstáit go ***bhféadfaidh*** cuideachtaí tosaíocht ***a thabhairt*** do na drochthionchair ***is déine agus is dóchúla*** chun na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 10 nó 11 a chomhlíonadh.
2. ***Beidh an tosaíocht dá dtagraítear i mír 1 bunaithe ar dhéine agus ar dhóchúlacht na ndrochthionchar***.	2. ***A luaithe a thabharfar*** aghaidh ar na drochthionchair is déine agus is dóchúla i gcomhréir le hAirteagal 10 nó 11 laistigh ***de thréimhse*** réasúnta ama, tabharfaidh an chuideachta aghaidh ar dhrochthionchair ar lú a ndéine agus a ndóchúlacht.
3. ***Ach*** aghaidh ***a bheith tugtha*** ar na drochthionchair is déine agus is dóchúla i gcomhréir le hAirteagal 10 nó 11 laistigh ***d'achar*** réasúnta ama, tabharfaidh an chuideachta aghaidh ar dhrochthionchair ar lú a ndéine agus a ndóchúlacht.	3. ***I gcás ina ndéantar cinntí tosaíochta i gcomhréir leis an Airteagal seo, áiritheoidh na Ballstáit nach ngearrfar pionós ar chuideachtaí faoi Airteagail 25 nó 27 as aon díobháil a eascraíonn as drochthionchair ar lú a dtábhacht agus nár tugadh aghaidh orthu go fóill.';***

Leasuithe 246 agus 306

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 10 – mír 6 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
A mhéid a bhaineann le drochthionchair fhéideartha dá dtagraítear i mír 1 nach rabhthas in ann a chosc nó a mhaolú go leormhaith leis na bearta a leagtar amach i míreanna 2, 4 agus 5, ***déanfaidh*** an chuideachta an méid seo a leanas, mar rogha dheiridh:	***'6.*** A mhéid a bhaineann le drochthionchair fhéideartha dá dtagraítear i mír 1 nach rabhthas in ann a chosc nó a mhaolú go leormhaith leis na bearta a leagtar amach i míreanna 2, 4 agus 5, ***is féidir*** leis an gcuideachta an méid seo a leanas a dhéanamh, mar rogha dheiridh:

Leasú 94

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 10 – mír 6 – fomhír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) a giaráil a úsáid nó a mhéadú tríd an gcaidreamh gnó a chur ar fionraí i ndáil leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann.	(c) a giaráil a úsáid nó a mhéadú***, i gcás inar féidir,*** tríd an gcaidreamh gnó a chur ar fionraí ***go sealadach*** i ndáil leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann.

Leasú 95

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 10 – mír 6 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Fad a bheidh ionchas réasúnach ann go n-éireoidh leis an bplean	Fad a bheidh ionchas réasúnach ann go n-éireoidh leis an bplean

gníomhaíochta feabhsaithe ***um chosc***, ***is féidir leis*** an ***gcuideachta a*** bheith i dteagmháil leis an gcomhpháirtí gnó ***fós gan an méid sin ann féin dliteanas na cuideachta a thionscnamh***.

gníomhaíochta ***coisctheach*** feabhsaithe, ***ní bheidh an chuideachta neamhchosanta ar*** an ***riosca go mbeidh sí faoi réir pionós de bhun Airteagal 27 ná ní bheidh sí faoi dhliteanas faoi Airteagal 29 toisc leanúint de*** bheith i dteagmháil leis an gcomhpháirtí gnó.

Leasú 96

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 10 – mír 6 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Sula gcuirfear caidreamh gnó ar fionraí, déanfaidh an chuideachta measúnú i dtaobh ***cé acu a mheastar nó nach*** meastar go réasúnach go ***mbeidh*** na drochthionchair a ***eascraíonn*** as caidreamh gnó a chur ar fionraí níos déine ná an drochthionchar nach rabhthas in ann a chosc nó a mhaolú go leormhaith. Más amhlaidh an cás, ní cheanglófar ar an gcuideachta an caidreamh gnó a chur ar fionraí agus beidh sí in ann ***na cúiseanna leis an gcinneadh sin, ar cúiseanna iad a bhfuil údar cuí leo, a thuairisciú*** don údarás inniúil maoirseachta.	Sula gcuirfear caidreamh gnó ar fionraí ***go sealadach***, déanfaidh an chuideachta measúnú***, i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha, an amhlaidh nach ann d'aon rogha mhalartach ar an gcaidreamh gnó sin, a sholáthraíonn amhábhar, táirge nó seirbhís atá riachtanach do tháirgeadh earraí nó do sholáthar seirbhísí na cuideachta, agus an ndéanfadh an fhionraí dochar suntasach don chuideachta, nó*** i dtaobh ***an*** meastar go réasúnach go ***bhféadfadh*** na drochthionchair a ***thiocfadh*** as caidreamh gnó a chur ar fionraí ***a bheith*** níos déine ná an drochthionchar nach rabhthas in ann a chosc nó a mhaolú go leormhaith. Más amhlaidh an cás, ní cheanglófar ar an gcuideachta an caidreamh gnó a chur ar fionraí agus beidh sí in ann ***tuairisc a thabhairt*** don údarás inniúil maoirseachta

	faoi chúiseanna cuí-réasúnaithe an chinnidh sin.

Leasú 97

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 10 – mír 6 – fomhír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le rogha chun an caidreamh gnó a chur ar fionraí i gconarthaí ***a rialaítear*** lena ndlíthe ***i gcomhréir leis an gcéad fhomhír***, ***cé is moite de chonarthaí*** ina bhfuil oibleagáid dlí ar na páirtithe iad a dhéanamh.	Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le rogha chun an caidreamh gnó a chur ar fionraí ***nó é a fhoirceannadh*** i gconarthaí ***arna rialú*** lena ndlíthe, ***ach amháin i gcás conarthaí*** ina bhfuil oibleagáid dlí ar na páirtithe iad a dhéanamh.

Leasuithe 247 agus 307

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 6
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 11 – mír 7 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
A mhéid a bhaineann le drochthionchair iarbhír dá dtagraítear i mír 1 nach rabhthas in ann ***a chosc nó a mhaolú go leormhaith*** leis na bearta a leagtar amach i míreanna 3, 5 agus 6, ***déanfaidh*** an chuideachta an méid seo a leanas, mar rogha dheiridh:	***‘7.*** A mhéid a bhaineann le drochthionchair iarbhír dá dtagraítear i mír 1 nach bhféadfaí ***deireadh a chur leo nó nach bhféadfaí a méid a íoslaghdú*** leis na bearta a leagtar amach i míreanna 3, 5 agus 6, ***is féidir*** leis an gcuideachta an méid seo a leanas a dhéanamh, mar rogha dheiridh:

Leasú 99

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 6
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 11 – mír 7 – fomhír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) plean gníomhaíochta feabhsaithe ***um chosc*** maidir leis an drochthionchar sonrach a ghlacadh agus a chur chun feidhme gan moill mhíchuí, ar choinníoll go bhfuil ionchas réasúnach ann go n-éireoidh leis na hiarrachtaí sin, i gcás ina bhfuil ***sé*** i dteideal déanamh amhlaidh de réir an dlí lena rialaítear a ***chaidreamh*** leis an gcomhpháirtí gnó lena mbaineann, agus	(b) plean gníomhaíochta ***ceartaithí*** feabhsaithe maidir leis an drochthionchar sonrach a ghlacadh agus a chur chun feidhme gan moill mhíchuí, ar choinníoll go bhfuil ionchas réasúnach ann go n-éireoidh leis na hiarrachtaí sin, i gcás ina bhfuil ***sí*** i dteideal déanamh amhlaidh de réir an dlí lena rialaítear a ***caidreamh*** leis an gcomhpháirtí gnó lena mbaineann, agus

Leasú 100

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 6
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 11 – mír 7 – fomhír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) a giaráil a úsáid nó a mhéadú tríd an gcaidreamh gnó a chur ar fionraí i ndáil leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann.	(c) a giaráil a úsáid nó a mhéadú***, i gcás inar féidir,*** tríd an gcaidreamh gnó a chur ar fionraí ***go sealadach*** i ndáil leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann.

Leasú 101

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 6
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 11 – mír 7 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Fad a bheidh ionchas réasúnach ann go n-éireoidh leis an bplean gníomhaíochta feabhsaithe ***um chosc***, ***is féidir leis*** an ***gcuideachta a*** bheith i dteagmháil leis an gcomhpháirtí gnó ***fós gan an méid sin ann féin dliteanas na cuideachta a thionscnamh***.	Fad a bheidh ionchas réasúnach ann go n-éireoidh leis an bplean gníomhaíochta ***ceartaithí*** feabhsaithe, ***ní bheidh an chuideachta neamhchosanta ar*** an ***riosca go mbeidh sí faoi réir pionós de bhun Airteagal 27 ná ní bheidh sí faoi dhliteanas faoi Airteagal 29 toisc leanúint de*** bheith i dteagmháil leis an gcomhpháirtí gnó.

Leasú 102

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 6
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 11 – mír 7 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Sula gcuirfear caidreamh gnó ar fionraí, déanfaidh an chuideachta measúnú i dtaobh ***cé acu a mheastar nó nach*** meastar go réasúnach go ***mbeidh*** na drochthionchair a ***eascraíonn*** as caidreamh gnó a chur ar fionraí níos déine ná an drochthionchar ***nach rabhthas in ann a chosc nó a mhaolú*** go leormhaith. Más amhlaidh an cás, ní cheanglófar ar an gcuideachta an caidreamh gnó a chur ar fionraí agus beidh sí in ann ***na cúiseanna leis an gcinneadh sin, ar cúiseanna iad a bhfuil údar cuí leo, a thuairisciú*** don údarás inniúil maoirseachta.	Sula gcuirfear caidreamh gnó ar fionraí ***go sealadach***, déanfaidh an chuideachta measúnú***, i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha, an amhlaidh nach ann d'aon rogha mhalartach ar an gcaidreamh gnó sin, a sholáthraíonn amhábhar, táirge nó seirbhís atá riachtanach do tháirgeadh earraí nó do sholáthar seirbhísí na cuideachta, agus an ndéanfadh an fhionraí dochar suntasach don chuideachta, nó*** i dtaobh ***an*** meastar go réasúnach go ***bhféadfadh*** na drochthionchair a ***thiocfadh*** as caidreamh gnó a chur ar fionraí ***a bheith*** níos déine ná an drochthionchar ***nach bhféadfaí deireadh a chur leis***.

	ná nach bhféadfaí a mhéid a íoslaghdú go leormhaith. Más amhlaidh an cás, ní cheanglófar ar an gcuideachta an caidreamh gnó a chur ar fionraí agus beidh sí in ann ***tuairisc a thabhairt*** don údarás inniúil maoirseachta ***faoi chúiseanna cuí-réasúnaithe an chinnidh sin***.

Leasú 103

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 6
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 11 – mír 7 – fomhír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le rogha chun an caidreamh gnó a chur ar fionraí i gconarthaí ***a rialaítear*** lena ndlíthe ***i gcomhréir leis an gcéad fhomhír***, ***cé is moite de chonarthaí*** ina bhfuil oibleagáid dlí ar na páirtithe iad a dhéanamh.	Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le rogha chun an caidreamh gnó a chur ar fionraí ***nó é a fhoirceannadh*** i gconarthaí ***arna rialú*** lena ndlíthe, ***ach amháin i gcás conarthaí*** ina bhfuil oibleagáid dlí ar na páirtithe iad a dhéanamh.

Leasú 104

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 6
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 11 – mír 7 – fomhír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina ***gcinnfidh*** an chuideachta gan an caidreamh gnó a chur ar fionraí de bhun an Airteagail seo, déanfaidh sí faireachán ar an drochthionchar ***féideartha*** agus déanfaidh sí measúnú tréimhsiúil ar a	I gcás ina ***gcinneann*** an chuideachta gan an caidreamh gnó a chur ar fionraí de bhun an Airteagail seo, déanfaidh sí faireachán ar an drochthionchar ***iarbhír*** agus déanfaidh sí measúnú tréimhsiúil ar a

cinneadh agus ***ar cé acu atá nó nach*** bhfuil bearta iomchuí breise ar fáil.’;	cinneadh agus ***i dtaobh an*** bhfuil bearta iomchuí breise ar fáil.’;

Leasú 105

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 8
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 15 – an dara habairt

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
‘Beidh na measúnuithe sin bunaithe, i gcás inarb iomchuí, ar tháscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla agus déanfar iad gan moill mhíchuí tar éis athrú ***ábhartha*** a bheith ann, ach gach ***5*** bliana ar a laghad agus aon uair a bheidh forais réasúnacha ann chun a chreidiúint nach bhfuil na bearta leormhaith ná éifeachtach a thuilleadh nó go bhféadfadh rioscaí nua teacht chun cinn go dtarlódh na drochthionchair sin.’;	‘Beidh na measúnuithe sin bunaithe, i gcás inarb iomchuí, ar tháscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla agus déanfar iad gan moill mhíchuí tar éis athrú ***suntasach*** a bheith ann, ach gach ***4*** bliana ar a laghad agus aon uair a bheidh forais réasúnacha ann chun a chreidiúint nach bhfuil na bearta leormhaith ná éifeachtach a thuilleadh nó go bhféadfadh rioscaí nua teacht chun cinn go dtarlódh na drochthionchair sin.’;

Leasuithe 248 agus 310

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 8 a (nua)
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 19 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(8 a) in Airteagal 19(2), scriostar pointe (b);

Leasú 106

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 9

Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 19 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
‘3. Cuirfear na treoirlínte dá dtagraítear i mír 2, ***pointe*** (a), ar fáil faoin 26 Iúil 2026***, na treoirlínte dá dtagraítear i mír 2, pointí (d) agus (e), faoin 26 Eanáir 2027, agus na treoirlínte dá dtagraítear i mír 2, pointí (b), (f) agus (g), faoin 26 Iúil 2027***.’;	‘3. Cuirfear na treoirlínte dá dtagraítear i mír 2, ***pointí*** (a)***, (b) agus (d) go (g)*** ar fáil faoin 26 Iúil 2026.’;

Leasuithe 311 agus 398

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 10 – an chuid réamhráiteach
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) ***in*** Airteagal ***22(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:***	(10) ***scriostar*** Airteagal 22;

Leasuithe 251 agus 313

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 10 a (nua)
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 24 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10 a) in Airteagal 24, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
	‘1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás maoirseachta amháin

nó níos mó chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar síos i bhforálacha an dlí náisiúnta arna nglacadh de bhun Airteagail 7 go 16.';

Leasuithe 252 agus 314

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 10 b (nua)
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 25 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10 b) in Airteagal 25, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
	'1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cumhachtaí agus acmhainní leormhaithe ag na húdaráis mhaoirseachta chun na cúraimí a shanntar dóibh faoin Treoir seo a dhéanamh, lena n-áirítear an chumhacht chun a cheangal ar chuideachtaí faisnéis a sholáthar agus imscrúduithe a dhéanamh a bhaineann le comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 7 go 16.';

Leasú 113

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 11 – an chuid réamhráiteach
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 27 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) in Airteagal 27***, cuirtear an méid seo*** a leanas ***in ionad mhír 4***:	***(11) leasaítear*** Airteagal 27 ***mar*** a leanas:

Leasú 114

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 11 – pointe a (nua)
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 27 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(a) i mír 2, scriostar pointe (d);

Leasuithe 253 agus 315

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 11
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 27 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Eiseoidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, treoraíocht chun cabhrú leis na húdaráis mhaoirseachta leibhéal na bpionós a chinneadh i gcomhréir leis an Airteagal seo. ***Ní shocróidh na Ballstáit ina ndlí náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir seo uasteorainn pionós airgid lena gcuirfí cosc ar na húdaráis mhaoirseachta pionóis a fhorchur i gcomhréir leis na prionsabail agus na tosca a leagtar amach i míreanna 1 agus 2.***;	4. Eiseoidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, treoraíocht ***maidir le leibhéal iomchuí na bpionós, agus láimhdeachas cuideachtaí á chur san áireamh,*** chun cabhrú leis na húdaráis mhaoirseachta leibhéal na bpionós a chinneadh i gcomhréir leis an Airteagal seo.’ ;

Leasuithe 116, 117, 254, 316cp1 agus 316cp2

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 13
Treoir (AE) 2024/1760
Airteagal 36

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) ***in*** Airteagal 36***, scriostar mír 1.***	(13) ***leasaítear*** Airteagal 36 ***mar a leanas:***
	(a) scriostar mír 1
	(b) i mír 2, scriostar pointe (e).

Leasú 119

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 4a
	Réitigh dhigiteacha
	1. Bunóidh an Coimisiún tairseach tuairiscithe dhigitigh tiomnaithe a fheidhmeoidh mar ionad ilfhreastail do chuideachtaí. Leis an tairseach, beidh rochtain saor in aisce ar na teimpléid, na treoirlínte agus an fhaisnéis uile a bhaineann leis na ceanglais tuairiscithe uile arna bhforchur ar chuideachtaí faoi dhlí an Aontais, lena n-áirítear uirlisí deonacha, atá saincheaptha do mhéid, d'earnáil, do tháirgí agus do sheirbhísí na

cuideachta, agus do neamhchosaint na cuideachta ar riosca. Beidh rochtain freisin ar fhaisnéis faoi dheiseanna cistiúcháin agus tairisceana chun cabhrú le cuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chur chun feidhme, a chomhlíonadh agus tairbhe a bhaint astu.

Chun críocha na chéad fhomhíre, áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh na hardáin sonraí ábhartha lena soláthraítear faisnéis do chuideachtaí agus d'úsáideoirí sonraí idir-inoibritheach agus gur féidir sonraí a tharchur, a mhalartú agus a anailísiú ar bhealach atá rianúil go teicniúil agus go gcomhlánóidh siad an Pointe Rochtana Aonair Eorpach.

2. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin [24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] maidir leis an ngá atá le foráil a dhéanamh maidir le réitigh theicneolaíocha chun críocha na Treorach seo, lena n-áirítear úsáid na hintleachta saorga iontaofa i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1689.